



# Tuarascáil Bhliantúil 2018

TG4




# TG4 Tuarascáil Bhliantúil 2018

| | |
|---|---|
| Misean, Fís agus Croíluachanna | 3 |
| Gealltanais TG4 don bhliain 2018 | 5 |
| Buaicphointí Feidhmíochta TG4 don bhliain 2018 | 9 |
| Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile | 19 |
| Tuairisc an Chathaoirligh | 20 |
| Tuairisc an Ard-Stiúrthóra | 22 |
| Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 28 |
| Athbhreithniú Airgeadais 2018 | 31 |
| Ráitis Airgeadais | 32-50 |




***Ár Scéal*** **léirithe ag Meangadh Fíbín**

# Misean, Fís agus Croíluachanna

Is é misean TG4 ná go soláthraímid seirbhísí siamsúla nuálacha meán trína ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus trína ndéantar caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain. Trí chomhpháirtíocht leis an earnáil chlosamhairc Ghaeilge, cumasaímid cruthú ábhair den scoth agus tacaímid le fás eacnamaíochta in Éirinn.

Is é fís TG4 "an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn chun áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear".

Cuimsítear fís agus misean TG4 i mana TG4, "súil eile", a aithníonn an gá atá le fanacht mar chuid den phríomhshruth le cláir nideoige trí chláir d'ardchaighdeán a choimisiúnú/a cheannach agus a chraoladh, cláir atá in ann dul san iomaíocht le leibhéil láidre lucht féachana a tharraingt agus iad a choinneáil.

Bíonn tionchar ag luachanna TG4 ar an gcaoi a mbainfear an straitéis sin amach agus ar an gcaoi a n-oibríonn sí agus, tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcroílár shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go mbeidh na luachanna sin mar threoirphrionsabail ag gach fostaí de chuid TG4 ina gcuid oibre.

## Croíluachanna TG4

**Ceangal:**

- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Caighdeán agus Luach ar Airgead:**

- Sceideal clár ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

**Cruthaitheacht:**

- A bheith cruthaitheach maidir leis an aschur agus maidir le gach ní a dhéanaimid.
- Leanúint de chláir nuálacha uathúla a chur ar fáil.

**Réamhghníomhach:**

- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.

*'TG4 continues to punch above its weight and budget.'*
— Shane Coleman, *Irish Times* 25/4/18

*'Not for the first time — nor, I'm certain, will it be the last — we find ourselves giving thanks and praise for TG4.'*
— Pat Stacey, *Irish Independent* 25/4/18



Réalta *Ros na Rún* ag tacú lenár bhfeachtas 'Tá Gaeilge Agam'



*Lurgan 2K18* léirithe ag Iris Productions

# Gealltanais TG4 don bhliain 2018

**Sa bhliain 2018, chuir TG4 17 ngealltanas i láthair i gcás na 5 théama seo a leanas:**

- **i** An lucht féachana – tionchar agus aimsiú
- **ii** Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht
- **iii** An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt
- **iv** Trédhearcacht agus éifeachtúlacht
- **v** Iontaoibh agus dea-rialachas

## (i) An lucht féachana – Tionchar agus Aimsiú

1. An sciar den lucht féachana náisiúnta teilifíse a choinneáil chomh maith le n-ár seasamh láidir le lucht féachanna na Gaeilge.
2. Cur leis an gcaidreamh leis an lucht féachana neamh-líneach trí infheistíocht a dhéanamh in ábhar na meán digiteach agus na meán sóisialta.
3. Forbairt a dhéanamh ar bhearta páirtnéireachta ionas go leathnaítear leis an dáiliúchán ilardáin agus go ndéantar soláthar do réimsí ina mbíonn teacht ar an lucht féachana.
4. Feabhas a chur ar an mbrandáil sna meáin chumarsáide agus cur leis an aird agus leis an tuiscint a bhíonn ag an lucht féachana ar TG4.
5. An sprioc fotheidealaithe rochtana rialála a bhaint amach do 2018, ag feabhsú inrochtaineachta dár lucht féachana.

## (ii) Ábhar – ardchaighdeán agus sainiúlacht

6. Infheistíocht a dhéanamh in ábhar láidir faisnéise, cultúir agus ceol beo agus feabhas a chur ar an mbranda spóirt agus ar an ábhar spóirt ionas go gcoinnítear an sciar den lucht féachana náisiúnta.
7. Feabhas a chur ar an sceideal craoltóireachta agus ar an ábhar cláir do ghnáthlucht labhartha na Gaeilge.
8. Oibriú i mbun páirtnéireachta chun forbairt bhreise a thabhairt ar an ábhar a chuirtear ar fáil don lucht féachana agus ar an gcruthaitheacht ina leith.
9. Infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht an ábhair agus i gcórais a chuidíonn leis na seirbhísí agus na modhanna dáiliúcháin a fhorbairt.

*'TG4 has digitised an archive of its news and current affairs output from its first eight years on air, preserving its alternative view into the future.'*

— Laura Slattery
*Irish Times* 24/1/18

*'TG4's slick new GAA coverage features another reason to love the channel.'*

— Mathew Gault
*SportsJoe.ie* 8/4/18



***Lárstáitse*** **ag Oireachtas na Samhna 2018**



*Iomramh an Chamino* le Anú Pictures

### (iii) An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt

10. Cur leis an infheistíocht atá déanta againn in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge.
11. Leathnú a dhéanamh ar an gcartlann d'ábhar Gaeilge agus ar an teacht atá ag an bpobal air.
12. Tionscnaimh shainiúla a thabhairt i gcrích chun bonn treise a choinneáil faoin nGaeilge agus faoi chultúr na hÉireann.



Martin Hayes agus Steve Cooney – *Doolin Folk Festival*

## (iv) Trédhearcacht agus Éifeachtúlacht

13. A chinntiú go mbaintear an leas is fearr as an gcistíocht phoiblí a chuirtear ar fáil dúinn agus go dtugtar éifeachtacht agus luach ar an airgead i gcrích.
14. Cur leis an ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht agus le hioncam tráchtála eile.
15. Talamh slán a dhéanamh den chóras nua eagrúcháin agus leanúint de chultúr, de scileanna agus de chumas na heagraíochta a fhorbairt.

## (v) Iontaoibh agus Dea-Rialachas

16. Breis iléagsúlachta agus ilchuimsitheachta a chinntiú mar chuid den chlár oibre craolacháin agus den straitéis.
17. An sárchleachtas rialachais a chinntiú chomh maith le comhlíonadh i ndáil leis na cóid ar fad agus na rialtóirí ar fad.



***Hector***

*'With limited resources, in fairness, TG4 does hold out against the heavyweights of the sports world.'*

— Shane Coleman, *Irish Times* 25/4/18

*'TG4 have done an amazing job at dubbing the most popular children's cartoons in Irish for your children to enjoy and engage in.'*

— *Naturalbaby.ie*



**Láithreoirí TG4 – Irial Ó Ceallaigh, Caitlín Nic Aoidh agus Sláine Ní Chathalláin**




***Murdair Mhám Trasna*** **léirithe ag Rosg Teo.**

# Buaicphointí Feidhmíochta TG4 don bhliain 2018

Ba bhliain ina raibh athrú ar an lucht féachana í an bhliain 2018 agus a raibh margadh na meán cumarsáide níos dúshlánaí ná riamh. I gcás TG4, bhain na réimsí dúshláin ba thábhachtaí leis an gcaidreamh leis an lucht féachana teilifíse ginearálta in Éirinn a choinneáil nuair atá iomaíocht ríghéar sa mhargadh agus leis an acmhainn ó thaobh cúrsaí airgeadais an straitéis cúig bhliana a thabhairt i gcrích mar atá beartaithe.

Tá an dealú leanúnach maidir leis an modh ina dtapaíonn daoine lón ábhair físeáin, chomh maith leis an iomaíocht níos géire ó chomhlachtaí meán cumarsáide idirnáisiúnta atá sáracmhainneach ó thaobh cúrsaí airgid, ag brú go mór ar an méid de lucht féachana is féidir le TG4 a mhealladh, mar atá i gcás chraoltóirí ar fud an domhain. Cé go bhfuil TG4 ag cruthú go maith i gcónaí leis an gcroí lucht féachana, tá brú mór maidir leis an méid den lucht féachana náisiúnta go ginearálta ar féidir a n-aird a tharraingt. Is craoltóir teanga dúchais TG4 a fheidhmíonn i margadh meán cumarsáide Béarla den chuid is mó agus is mór a théann an rogha leitheadach atá ar fáil ag an lucht féachana i bhfeidhm ar TG4 dá bharr sin.

Cé go bhféachtar le lucht féachana níos mó a tharraingt le cur chuige "débheannach" faoi straitéis TG4, ní féidir sin a thabhairt i gcrích gan cur leis an infheistíocht in ábhar siamsúil faoi leith a mheallann an dá dhream den lucht féachana – an croí lucht féachana Gaeilge agus an lucht féachana náisiúnta teilifíse go ginearálta.

Cé gur éirigh le TG4 ardú cistíochta a aimsiú don bhliain 2018 (agus go bhfuiltear buíoch as an ardú sin i bhfianaise a bhfuil de dheacrachtaí roimh gach eagraíocht a mhaoinítear as na cistí poiblí), tá leibhéal na cistíochta i bhfad níos ísle ná mar atá molta ag an Údarás Craolacháin. Fágfaidh sin, mura leigheastar an cás, i bhfad níos deacra ag TG4 straitéis na heagraíochta a thabhairt i gcrích. Ní foláir bonn i bhfad níos seasmhaí a chur faoin gcistíocht reatha ionas gur féidir le TG4 lón ábhair ar ardchaighdeán a chur ar fáil a mbíonn tóir ag an lucht féachana air, ar an teilifís agus ar ardáin eile. Tháinig ardú 2.6% go dtí €33.79m ar chistíocht reatha TG4 sa bhliain 2018. Ar shuim €985k de chistíocht bhreise aon uaire maidir le cláir, ábhar agus imeachtaí i leith Bhliain na Gaeilge go speisialta, a thabhairt san áireamh, bhí €34.78m de chistí reatha ag TG4 i leith na bliana. Bhí sin beagnach €2m níos ísle ná mar a bhí de dhíth sa bhliain 2018 ar TG4 chun straitéis na heagraíochta a thabhairt i gcrích.

Bhí beartaithe ag TG4, mar chuid den straitéis, €29.2m

*'I think that the broadcaster who gets it right time and time again is TG4.'*

— Joanne O'Riordan, *Irish Times* 29/3/18

*'The long and impressively dramatised film strove to put the grotesque murders and their shabby aftermath into historical context.'*

— Emmanuel Kehoe: Murdair Mhám Trasna *Sunday Business Post* 8/4/18




Láithreoir *7Lá* Páidí Ó Lionáird – léirithe ag Nuacht TG4



***Ros na Rún*** **léirithe ag Eo Teilifís & Léirithe Thír Eoghain**

a chaitheamh ar chláir/ábhar i rith na bliana 2018.[1] €28.31m (73.2% den chaiteachas oibriúcháin) an infheistíocht a rinneadh agus níorbh fhéidir an méid sin a dhéanamh murach an chistíocht bhreise maidir le Bliain na Gaeilge a fuarthas ón Roinn. Ní féidir caiteachas chomh hard céanna a dhéanamh maidir le lón ábhair sa bhliain 2019 ó tharla gur €34.2m an chistíocht i leith na bliana 2019, 1.6% níos ísle ná leibhéal na bliana 2018.




**Ronan Loughney agus Máire Treasa Ní Dhubhghaill *Rugbaí Beo***

## Lucht Féachana: Tionchar agus Aimsiú in 2018

***Lucht Féachana Craoltóireachta:***

- 85% den chroí lucht féachana Gaeilge a aimsíodh. Cé gurbh ísle sin ná 90% sa bhliain 2017, bhí sé cothrom le sprioc TG4 don bhliain, sprioc a íslíodh mar gheall ar an bpainéal tomhais a leathnú sa chaoi is go raibh cainteoirí seachtainiúla Gaeilge (minicíocht níos ísle) san áireamh le painéal na gcainteoirí a labhraíonn Gaeilge gach lá.
- Baineadh amach ráta sástachta 8 as 10 leo siúd sa lucht féachana a úsáideann Gaeilge (i gcomórtas le sprioc 7.5).
- Tháinig ísliú 5.9% go dtí 1.76%[2] ar mheánsciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse tar éis ardú dhá bhliain as a chéile sa bhliain 2016 agus sa bhliain 2017[3]. Cor chun sochair ab ea an sciar le linn na bpríomhthráthanna craolta a bheith beagnach 2% i rith ráithe an Fhómhair sa bhliain 2018, an chéad tréimhse ina raibh ábhar á chraoladh i sceideal TG4 a eascraíonn ó na socruithe nua ábhair a cuireadh ar bun mar chuid den straitéis cúig bhliana.
- Tháinig ísliú 9% go dtí 30% ar aimsiú TG4 i measc an lucht féachana náisiúnta teilifíse gach seachtain. Ábhar mór díomá sin do TG4, léiriú ar an timpeallacht ghéariomaíochta ina bhfeidhmítear agus ar an ngá atá le breis infheistíochta in ábhar mealltach, spéisiúil, siamsúil ionas gur féidir dul in iomaíocht le mórchomhlachtaí meán cumarsáide idirnáisiúnta agus le craoltóirí eile ar mhargadh na hÉireann.

---

[1] Costais €1.8m ar fhoirne léiriúcháin san áireamh.

[2] Sciar comhdhlúite. Sciar beo cothrom le 1.92%. Ar feadh an lae, daoine aonair 4 bliana + (foinse: Nielsen).

[3] Gan féachaint ar TG4 ar Sheinnteoir TG4, féachaint iarchurtha i ndiaidh 7 lá, sciar i dtithe ósta ná cumainn i dTuasiceart Éireann ná i bPoblacht na hÉireann san áireamh.

- Bhí TG4 arís ar an 7ú cainéal is mó lucht féachana in Éirinn i rith na bliana.
- Beidh gach beart infheistíochta i rith na bliana 2019 i gcláir agus i lón ábhair á bhreithniú ag TG4 ionas go gcinntítear an spéis is mó a d'fhéadfaí á spreagadh i measc an lucht féachana agus an tionchar is mó á imirt orthu. Cé go bhfuil ábhar dóchais le baint as an gcaoi ar cruthaíodh maidir leis an lucht féachana i rith fhómhar na bliana 2018, tá buntábhacht le toradh chomh maith céanna a thabhairt i gcrích san am atá romhainn .

***Lucht Féachana ar Ábhar Neamhlíneach:***
Cruthaíodh go láidir maidir le hábhar neamhlíneach TG4 i rith na bliana 2018, sáraíodh an sprioc maidir le naoi gcinn de 11 sprioc agus tháinig ardú mór ón mbliain 2017 maidir leis na slata tomhais ar fad seachas aon cheann amháin:

- Tháinig ardú 1.3% go dtí níos mó ná 2m ar líon na gcuairteoirí uathúla ar an láithreán gréasáin.
- Tháinig ardú beagnach 30% go dtí 24.57m sa bhliain 2018 ar líon na n-imprisean leathanach.
- Bhí láithreán gréasáin TG4 arís ar an láithreán gréasáin Gaeilge ba mhó úsáide[4] ar fud an domhain.
- Tháinig ardú go dtí 2.573m sa bhliain 2018 (16.3% d'ardú) ar líon na sruthanna a ceanglaíodh ar an seinnteoir.
- Tháinig ardú 5.3% go dtí 574,457 ar líon na n-uaireanta an chloig d'ábhar a breathnaíodh ar an seinnteoir i rith na bliana 2018.
- Leanadh den fhorás maidir le haipeanna a íoslódáil gur tharla 345.8k íoslódáil sa bhliain 2018 (49% d'ardú).
- Tháinig ardú 47% ar lucht féachana físeáin sna meáin shóisialta.
- Tharla ísliú 9.5% maidir leis an gcaidreamh go ginearálta ar na meáin shóisialta mar gheall ar leibhéal ard caidrimh sa bhliain 2017. Os a choinne sin, níor sásaíodh sprioc na bliana agus beidh TG4 ag oibriú ar mhaithe le forás breise a tharraingt i rith na bliana 2019.
- Tháinig ardú 271% i gcomparáid leis an mbliain 2017 maidir le físeáin a bhreathnaíodh ar Bhloc, mol siamsaíochta TG4 do dhaoine 18-34 bliana d'aois, sárú beagnach 117% ar an sprioc.
- Cruthaíodh go maith maidir le spéis leanaí a spreagadh ar na meáin neamhlíneacha freisin agus tháinig ardú 127% ar líon na leathanach a ceadaíodh agus ardú níos mó ná 173% ar líon na bhfíseán a breathnaíodh ar na meáin shóisialta.

## Ábhar d'Ardchaighdeán agus Sainiúil in 2018

***Ábhar Craolacháin – An Croí Lucht Féachana Gaeilge***

- Craoladh 2,693 uair an chloig d'ábhar dírithe ar an gcroí lucht féachana ar TG4, 7.4% faoin sprioc a bhí leagtha amach. B'ionann sin agus 31% d'iomlán na n-uaireanta craolacháin. Tharla an t-easnamh ba mhó maidir le nuacht agus cúrsaí reatha (51.6%), drámaíocht/sobaldrámaíocht Gaeilge (29.2%) agus siamsaíocht (46%)[5]. Bhí líon na n-uaireanta an chloig do leanaí 29% níos airde ná an sprioc a bhí leagtha amach.

[4]Aicmiú Domhanda Alexa
[5]Uaireanta ceoil agus siamsaíochta le chéile

*'Maybe the organisation once seen as small broadcaster, TG4, could potentially hold the key to setting the bar for the world of sportswriting. After all, we all just want content that feels homely and not invaded by consistent reminders of how terrible the outside world really is.'*

— Joanne O'Riordan, *Irish Times* 29/3/18



Eimear Ní Chonaola ***Nuacht TG4***



***Rugbaí Beo*** **léirithe ag Iris Productions**

- Tháinig ísliú 14% i gcomparáid leis an mbliain 2017 ar líon na n-uaireanta an chloig don dream seo sa lucht féachana. Bhí líon na n-uaireanta an chloig d'ábhar don chroí lucht féachana Gaeilge beagnach 10% níos ísle ná mar a bhí leagtha amach de sprioc sa straitéis don bhliain 2018.
- Seo na cúiseanna a bhí leis an easnamh maidir le líon na n-uaireanta an chloig do chroí lucht féachana Gaeilge i gcomparáid le sprioc na bliana agus le líon na n-uaireanta an chloig a craoladh i rith na bliana 2017:
    - Easnamh cistíochta €3m i leith na bliana 2018 i gcomparáid lena luaitear sa straitéis. Baineann sciar mór de na cistí reatha breise a d'éiligh TG4 faoin straitéis cúig bhliana le huaireanta breise craoltóireachta agus le feabhas ar chaighdeán an ábhair don chroí lucht féachana. Nuair a tharla easnamh €3m, níorbh fhéidir na comhaontuithe breise maidir le hábhar a shocrú agus chuir sin isteach go díreach ar líon na n-uaireanta an chloig d'ábhar don chroí lucht féachana.
    - Cé gur aimsigh TG4 ciste breise €985k maidir leis an gceiliúradh ar Bhliain na Gaeilge sa bhliain 2018, bhí sciar de sin á chur i leith imeachtaí ceiliúrtha amháin. Anuas air sin, bhí cúrsaí tráthúlachta i gceist agus nuair nach bhfuarthas an chistíocht sin go dtí an ráithe deireanach den bhliain 2018, tharla cuid mhór den ábhar á chur ar fáil ar bhealach a d'fhág gur bhain sé le tús na bliana 2019 chomh maith le deireadh na bliana 2018.
    - Rinneadh leibhéal ard ábhar Gaeilge a athchraoladh i rith na bliana 2017. D'fhéadfaí athchraoladh a dhéanamh ar ábhar cláir arís i rith na bliana 2018 chun sprioc na n-uaireanta an



Jack Reynor & Toni Collette – ***Glassland***

*‘The various big contenders vie for the rights and the result ends up somewhere in the middle but, without a doubt, the forgotten workhorse in all this is TG4.’*

— Joanne O’Riordan, *Irish Times* 29/3/18

chloig a shásamh ach tá straitéis TG4 dírithe, ina ionad sin, ar an sceideal is fearr agus an caighdeán is airde d’ábhar cláir a chur ar fáil ionas gur fearr a shásaítear croí lucht féachana na Gaeilge sa lucht féachana.

- Chaith TG4 €25.83m ar ábhar Gaeilge i rith na bliana 2018.[6] B’ionann sin agus 91% d’iomlán an chaiteachais ar lón ábhair agus 76.4% de na cistí reatha (74.3% ar an gcistíocht bhreise aon uaire maidir le Bliain na Gaeilge a thabhairt san áireamh).

***Ábhar Craolacháin – An Lucht Féachana Teilifíse Náisiúnta go Ginearálta***

- Craoladh 6,067 uair an chloig d’ábhar don lucht féachana náisiúnta teilifíse go ginearálta ar TG4, 3.7% níos mó ná mar a bhí leagtha amach de sprioc. B’ionann sin agus 69% d’iomlán na n-uaireanta craolacháin, ardú 7.7% i gcomórtas leis an mbliain 2017.
- Is é an chúis a bhí leis an ardú ná gur féidir le TG4 ábhar cláir don lucht féachana náisiúnta teiifíse a fháil ar ceadúnas ar chostas níos ísle ar na margaí idirnáisiúnta teilifíse chun an t-easnamh a chúiteamh maidir le huaireanta craolacháin léiriúcháin/ athchóiriúcháin atá ar chostas níos airde a bhíonn dírithe go háirithe ar an gcroí lucht féachana.
- Bhí líon na n-uaireanta craolacháin don lucht féachana náisiúnta teilifíse go ginearálta 4.6% níos airde ná mar a bhí leagtha amach sa straitéis i leith na bliana 2018.

***Ábhar Neamhlíneach***

- Cruthaíodh *BLOC*, branda nua neamhlíneach, don lucht féachana 18+ le líon is mó ná 40 úsáideoir/iriseoir fánaíochta ag cruthú ábhair a bhaineann le cúrsaí taistil, ceisteanna sóisialta, ábhar grinn agus gearrscannáin. D’oibrigh Bloc i gcomhar le féilte Gaeilge chun NÓS, Féile na Gealaí agus Liú Lúnasa srl. a chur chun cinn agus sruthchraoladh beo a dhéanamh orthu. Bíonn sé ar fáil ar fud Facebook, YouTube, Instagram, Twitter & Twitch agus tá an-mholadh air ag an lucht úsáidte agus ag léirmheastóirí.




Seán Mac an tSíthigh – ***Gaeil UK*** – léirithe ag Aniar Teo.

[6] €1.8m ar chostais foirne léiriúcháin san áireamh



***Song of Granite*** **léirithe ag Roads Entertainment**

- D'fhorbair TG4 aip *Molscéal* a seoladh ag Oireachtas na bliana 2018. Féachadh ar níos mó ná 2m uair go dtí seo air agus tá sé ar an gcéad aip a chuireann gearrscannáin físe ar fáil do phobal na Gaeilge in aon láthair amháin. Cuirtear scéalta atá bunaithe ar an bpobal, scéalta siamsaíochta, ábhar nuachta, cartlainne agus spóirt ar fáil. Tá comhar páirtnéireachta curtha ar bun ag TG4 le NuachtTG4, Tuairisc.ie agus MeonEile.ie chun ábhar a chur ar fáil agus sruthchraoladh beo a dhéanamh ar imeachtaí éagsúla.
- Tá forbairt bhreise tugtha ar ardán *SpórtTG4* ar na meáin shóisialta ionas go gcothaítear spéis níos mó agus caidreamh níos doimhne i measc an lucht féachana maidir le cláir spóirt TG4, ábhar á chur i láthair ó imeachtaí móra spóirt san áireamh. Tugadh



***Dornálaíocht Beo***





Eoghan McDermott – *Tabú* – léirithe ag Midas Productions

Gráinne McElwain agus Daithí Ó Sé — *Seó Beo Pheil na mBan*

forbairt ar chainéal SpórtTG4 ar YouTube ionas go mbíonn ábhar á chraoladh beo air, roinnt de nach féidir a fheiceáil ar aon bhealach eile.

- Tá forbairt bhreise tugtha ag TG4 freisin ar chainéal YouTUBE maidir leis an gceol traidisiúnta agus ar an acmhainn foghlamtha teanga *foghlaim*.

## An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a Chur Chun Cinn agus a Fhorbairt

Chomh maith le lón ábhair i nGaeilge a chur ar fáil, thug TG4 na nithe seo a leanas i gcrích chomh maith:

- ***Earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha in Éirinn:*** Chaith TG4 €24m leis an earnáil i rith na bliana 2018, 85% d'iomlán an chaiteachais ar lón ábhair. Tá d'aidhm ag TG4 cur le líon na gcomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha a mbíonn comhaontú léiriúcháin ilbhliantúil socraithe leo ach níorbh fhéidir níos mó ná aon chomhaontú nua amháin a shocrú i rith na bliana 2018 mar gheall ar easpa cistíochta agus an gá cistí a chur ar fáil faoi na comhaontuithe reatha. D'oibrigh TG4 i gcomhar le lucht na hearnála chun beagnach €4.5m de chistí a aimsiú faoin scéim Fuaim agus Fís a ritheann an tÚdarás Craolacháin agus faoi scéim Chiste Craoltóireachta na Gaeilge. Cuidíodh le scileanna a fhorbairt le tionscnaimh éagsúla maidir le hoiliúint agus meantóireacht. Eagraíodh an dara babhta den scéim Cine4 ionas gur léiríodh dhá fhadscannán Gaeilge a chuirfear ar taispeáint i rith na bliana 2019 i bpictiúrlanna agus ag féilte idirnáisiúnta.
- ***Acmhainn Foghlama Gaeilge:*** Threisigh TG4 le socruithe páirtnéireachta ionas gur leathnaíodh le scóip foghlaim, acmhainn maidir le foghlaim na Gaeilge, agus leanadh de dheis a thabhairt ábhar na hacmhainne a thapú trí thairseacha foghlama eile.
- ***Cartlann Dhigiteach Gaeilge:*** Rinne TG4 forbairt bhreise ar an gcartlann ceoil Sean-nós agus ar aip trínar féidir ábhar a thapú ar mhaithe le cúrsaí oideachais. Oibríodh i gcomhar le Taisce Cheol Dúchais Éireann maidir le hábhar cartlainne 20 bliain de Ghradaim Ceoil TG4 agus rinneadh aip Molscéal a fhorbairt ar a gcuirtear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha ar fáil do phobal na Gaeilge. Tá modúil do chúrsaí léinn curtha ar bun le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh i ndáil le hiriseoireacht, léann na scannánaíochta, léann na hÉireann, scríbhneoireacht scripte, léiriú agus stiúradh teilifíse agus scannáin.
- ***Tionchar TG4 maidir leis an nGaeilge:*** Déantar an tionchar a bhíonn ag TG4 maidir leis an nGaeilge a thomhas le suirbhé bliantúil de chuid Ipsos MRBI. Sa bhliain 2018, bhí dearcadh an-mholtach ag an bpobal i leith TG4 maidir le seasamh leis an nGaeilge nó í a chur chun cinn agus feabhas air sin i gcomparáid leis an mbliain 2017. Admhaíonn 92% de na freagróirí gur seirbhís thábhachtach TG4 maidir le bonn treise a

*'It was great to get the chance to watch them perform live all over the world thanks to TG4.'*

— *Kerryman* 20-2-18



***GAA Beo*** **léirithe ag Nemeton**

chur faoin nGaeilge agus an teanga a chur chun cinn. Tá 74% den dearcadh go gcruthaíonn TG4 an chuma go bhfuil an teanga níos nua-aimseartha agus ceangal níos mó aici leis an uile dhuine. Measann 92% go gcuidíonn TG4 leis an nGaeilge leis na cláir agus leis an lón ábhair agus measann 80% go gcuireann TG4 beocht sa teanga.

## Trédhearcacht agus Éifeachtúlacht

***Caiteachas Oibriúcháin***

Tá TG4 tugtha don leas is fearr a bhaint as an gcistíocht phoiblí (lena n-áirítear an sciar is mó is féidir a chaitheamh ar ábhar Gaeilge) agus do bharrchostais a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

- Féachann TG4 le 70% ar a laghad den chistíocht reatha a chaitheamh ar ábhar Gaeilge gach bliain. Caitheadh 76.4% i rith na bliana 2018. Bhain fuílleach an chaiteachais le beartaíocht craolacháin agus le beartaíocht ghaolmhar.
- Chaith TG4 €28.3m[7] ar ábhar — 73.2% den chostas oibriúcháin. Bhain 91% den chaiteachas sin le hábhar Gaeilge.
- B'ionann costas foirne TG4, gan costas foirne léiriúcháin a thabhairt san áireamh, agus 9.2% de chaiteachas oibriúcháin iomlán[8] TG4 sa bhliain 2018. Bhain 6% den chaiteachas le barrchostais, agus bhí an dá réimse íseal i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus riaracháin araon.
- B'ionann an costas in aghaidh uair an chloig de lucht féachana agus 34c sa bhliain 2018, ardú 16% mar gheall ar laghdú ar an lucht féachana a aimsíodh agus ardú ar an gcostas in aghaidh na huaire maidir le hábhar coimisiúnaithe.

***Ioncam Tráchtála***

- Tháinig ardú 0.5% i rith na bliana 2018 ar an ioncam tráchtála iomlán, 4% níos mó ná an sprioc. Forás 6% ar an ioncam ó fhógraíocht agus urraíocht an chúis ba mhó leis an ardú ach baineadh de sin mar gheall ar laghdú 9.3% ar an ioncam tráchtála eile. Bhí an t-ardú ar an ioncam fógraíochta agus urraíochta i bhfad níos airde ná an ráta foráis 1% maidir le margadh fógraíochta na teilifíse in Éirinn agus sin mar gheall ar dhíolachán díreach a dhéanamh níos minice i rith na bliana. B'ionann an t-ioncam iomlán ó chúrsaí tráchtála agus 11% de chistíocht agus d'ioncam iomlán TG4.

***Infheistíocht Chaipitil***

- Fuair TG4 €2m de chistí caipitil sa bhliain 2018. Tugadh tús áite maidir le hinfheistíocht chaipitil d'fhorbairt bhreise ar na córais agus ar na hardáin maidir le hábhar a dháileadh agus a scaipeadh; tionscadal cartlannaíochta maidir le hathrú ar dheiseanna stórála; forbairt ar na meáin shóisialta, ar aipeanna agus ar an anailís ar shonraí etc. Bhí an buiséad caipitil de réir sprioc na bliana.

---

[7] €1.8m ar chostais foirne léiriúcháin san áireamh
[8] Glan ar chostais caipitlithe foirne

***Sochair Gheilleagracha***

- Is féidir an luach ar an airgead maidir le TG4 a mheas freisin i ndáil leis an tionchar ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre go ginearálta. Bhí cion tairbhe díreach, indíreach agus ionduchtaithe TG4 i ndáil leis an ioncam náisiúnta cothrom le €62.2m sa bhliain 2018 agus tionchar fostaíochta dá réir cothrom le 786[9] post. Is léiriú sin ar an leibhéal caiteachais a rinne TG4 in Éirinn maidir le cláir agus seirbhísí arna gcur ar fáil in Éirinn. Léirítear i gcónaí chomh maith gurbh fhiú beagnach €2 do gheilleagar na hÉireann gach €1 a d'infheistigh TG4 sna tionscail chruthaitheachta in Éirinn. Tá buntáistí tábhachtacha airgeadais, fostaíochta agus cruthaitheachta ag baint go leanúnach le TG4 do gheilleagar na hÉireann.

## Iontaoibh agus Dea-Rialachas

Bhí obair rialachais TG4 tréan láidir, ar aon dul leis na blianta roimhe seo. Rinne TG4 i rith na bliana 2018:

- Gach dualgas faoin reachtaíocht a chomhlíonadh i ndáil leis na cuspóirí agus leis na cóid craolacháin agus araile
- 7 gcruinniú Boird, 4 chruinniú den Fhochoiste Iniúchta agus aon chruinniú amháin den Fhochoiste Luach Saothair a thionól.
- An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a leasú - tá an obair fhorfheidhmiúcháin ina leith sin ar siúl.
- An ASPC, an tAthbhreithniú Feidhmíochta, Ráiteas Straitéise cúig bhliana agus an Tuarascáil Bhliantúil a chur ar fáil.
- Beart dianbhreithniúcháin maidir leis an mbainistíocht i leith chásanna baoil agus 3 bheart maidir leis an iniúchadh inmheánach a chur i gcrích.
- Oibriú i gcomhar leis an Údarás Craolacháin ar an athbhreithniú bliantúil maidir le craoltóirí seirbhíse poiblí.
- Slat tomhais maidir leis an lucht féachana, a chuirfear i bhfeidhm den chéad uair i rith na bliana 2019, a fhorbairt chun leibhéil na tuisceana ar bhranda agus ar sheirbhísí TG4 a mheas.
- Tionscnaimh éagsúla maidir le cúrsaí inmharthanachta agus timpeallachta a thabhairt i gcrích.

*'Hats off to the brilliant team at FleadhTV on TG4, who delivered four amazing nights of live highlights from this year's Fleadh Ceoil, in Drogheda — the sheer volume of talent on display was staggering.'*

— *RTÉ.ie Entertainment*, 20/8/19

[9]Bunaithe ar anailís ar chaiteachas TG4 in 2018 (caiteachas oibriúcháin agus caipitil lena n-áirítear maoiniú clár) in Éirinn.



***An Shandon*** **léirithe ag Paper Owl Films**



***Samhain Live*** **léirithe ag Gifted Empire**

# Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil an Achta Craolacháin, 2001. Tá an bord comhdhéanta de chathaoirleach agus 11 bhall, an Ard-Stiúrthóir san áireamh i gcáil ex-officio chomh maith le ball atá ionadaíoch ar an bhfoireann. An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a dhéanann na ceapacháin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2018.

**Comhaltaí Boird agus an tArd-Stiúrthóir ar an 31 Nollaig 2018**


Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach)


Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir)


Des Geraghty


Mairéad Ní Cheóinín


Micheál Seoighe


Michelle Ní Chróinín


Diarmuid Ó Ruiséal


Bríd Ní Fhachtna


Frank Reidy


Mairéad Ní Nuadháin


Siobhán Ní Ghadhra


Darach Ó Tuairisg

**Rúnaí Cuideachta agus Oifig Chláraithe**
Mary Uí Chadhain
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

**Rúnaí an Bhoird**
Lís Ní Dhálaigh

**Fochoistí an Bhoird**
Tá dhá fhochoiste ag an mBord, mar seo a leanas:

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***
Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach)
Frank Reidy
Mairéad Ní Nuadháin

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2018, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord i ndiaidh na gcruinnithe sin. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

***An Coiste Luach Saothair***
Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach)
Des Geraghty
Micheál Seoighe

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2018.

**Iniúchóir**
An tArdReachtaire Cuntas agus Ciste
Oifig an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1

**Baincéirí**
AIB
Caisleán an Loingsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh

# Tuairisc an Chathaoirligh, 2018

Bhí tábhacht faoi leith leis an mbliain 2018 ag TG4. Sheol an tAire Stáit, Seán Kyne TD, an straitéis nua cúig bhliana 2018-2022 ina leagtar amach plean uaillmhianach maidir le hathnuachan ar bhríomhaireacht, ar scóip agus ar thionchar TG4. Tá fís againn go gceanglófar branda TG4 in intinn na ndaoine le cláracha cruthaitheacha, téagartha i nGaeilge, go mbeidh an Ghaeilge mar ghnáthchuid den gnáthshaol ag muintir na hÉireann agus go dtabharfaidh muid tacaíocht don thionscal cruthaitheach lenár gcomhpháirtíocht le hearnáil na meán closamhairc Gaeilge.

Spreagann TG4 nuálaíocht i réimsí closamhairc na Gaeilge. Tá 500,000 duine ag faire na seirbhíse gach lá in Éirinn. Breathnaíonn 85% den chroí-lucht féachana Gaeilge agus níos mó ná 30% den lucht féachana náisiúnta orainn gach seachtain, rud a fhágann TG4 ar an seachtú cainéal is mó féachana sa tír. Is ábhar mórtais dúinn an méid sin, go háirithe agus muid ag feidhmiú mar chomhlacht meán cumarsáide i margadh ina bhfuil an Béarla in uachtar, ina bhfuil an Ghaeilge ag feidhmiú mar mhionteanga agus ina bhfuil na céadta cainéal, seirbhísí sruthchraolta agus seirbhísí físeán VOD. Aithníonn muid, agus is tosaíocht dúinn é, go gcaithfidh muid nuálaíocht a spreagadh, an lucht féachana a chur ag fás, agus a bheith lárnach i saol an lucht féachana agus i saol na nglún atá le teacht.

Tá an margadh seo an-dúshlánach. Tá borradh dochreidte faoi ardáin nua féachana, tá pócaí doimhne ag comhlachtaí idirnáisiúnta agus tá nósanna an lucht féachana ag athrú mar gheall ar an infheistíocht mhór ó chomhlachtaí meán domhanda i gcláracha agus i léiriúcháin nua tarraingteacha. Mar sin, tá meáin na hÉireann agus cultúr na hÉireann i mbaol a lagaithe agus a dtanúcháin agus ní raibh oiread tábhachta riamh leis an gcraoltóireacht seirbhíse poiblí maidir lenár bhféiniúlacht náisiúnta féin. Cuireann TG4 ábhar dúchasach ardchaighdeáin ar fáil ina ndéantar ceiliúradh ar chultúr agus ar chruthaitheacht mhuintir na hÉireann agus ina dtugtar léargas ar mheon phobal na hÉireann agus ar an saol ina maireann muid.

Ag obair i gcomhpháirtíocht le hearnáil léiritheoirí closamhairc na tíre, cothaíonn muid scileanna, tallann agus cumas. Leis an infheistíocht a dhéanann muid, cruthaítear na céadta post san earnáil, go háirithe i gceantair réigiúnacha, ag cur i gcoinne fás plódaithe na gcathracha. Mar a leagadh amach sa *Phlean Gnímh Closamhairc faoi Cholún 4 den Chlár Éire Ildánach* tá gealltanas soiléir tugtha ag na ranna rialtais go léir maidir le forbairt agus fás a chur ar an earnáil closamhairc dhúchasach. Fáiltíonn TG4 roimh an mbéim as an nua seo ar an tábhacht atá le tionscal na scannánaíochta agus na teilifíse a fhorbairt agus an gealltanas go mbeidh méadú ar thacaíocht ón Rialtas chun é sin a bhaint amach.

Mar chraoltóir-foilsitheoir, tá ról tábhachtach ag TG4 san earnáil léiritheoirí closamhairc. Cuireann muid go láidir leis an eacnamaíocht in Éireann. I rith na ndeich mbliana anuas go dtí an bhliain 2018, chaith TG4 níos mó ná €200m san earnáil. Ar an meán, cuireann muid suas le €70m in aghaidh na bliana leis an tuilleamh náisiúnta agus cothaítear níos mó ná 700 post. Is fiú €2 d'eacnamaíocht na hÉireann gach €1 infheistíochta a dhéanann TG4 i dtionscal na cruthaitheachta in Éirinn. Má thugtar straitéis TG4 i gcrích, imreoidh muid tionchar níos mó arís ar an eacnamaíocht, go háirithe sna réigiúin, ag tacú le níos mó ná 930 post faoin mbliain 2022 agus ag cur beagnach €80m leis an teacht isteach náisiúnta.

Tá fís ag TG4 agus chun toradh na físe sin a bhaint amach agus chun seirbhís phoiblí chraolacháin atá láidir agus bríomhar a bhaint amach ina léirítear saol agus pobal na hÉireann, teastaíonn na hacmhainní atá leagtha amach i straitéis cúig bliana TG4. Tá aontaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) leis an straitéis nua agus curtha in iúl ag an Údarás go bhfuil cúis mhaith le breis maoinithe a thabhairt do TG4 chun cuidiú linn mianta nua an lucht féachana a shásamh agus chun dul i ngleic leis na dúshláin oibriúcháin, iomaíochta agus airgeadais atá romhainn. Mhol an tÚdarás Craolacháin ardú €6m in aghaidh na bliana de mhaoiniú poiblí do TG4 (ag teacht i bhfeidhm go hiomlán ón mbliain 2018 amach) agus ní mheastar gur leor an chistíocht a chuirtear ar fáil faoi láthair chun go mairfeadh muid go sásúil san am atá romhainn.

Breathnaíonn muid ar chonclúidí an BAI maidir le straitéis nua TG4 mar ráiteas láidir muiníne ionainn agus mar aitheantas poiblí den luach a chruthaíonn seirbhís TG4 don lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ionas go bhféadfaí an straitéis nua a thabhairt i bhfeidhm bhí gá le meánardú 5.07% in aghaidh na bliana ar an gcistíocht reatha. Tar éis roinnt mhaith blianta d'arduithe fíorbheaga, gan ardú ar bith nó, go deimhin, d'ísliú ar an gcistíocht reatha, tugadh €1m breise maidir leis na cistí reatha agus €1m de mhaoiniú caipitil do TG4 don bhliain 2018. D'fhág sin an chistíocht reatha cothrom le €33.79m. Cé go bhfuiltear buíoch den ardú, tá na leibhéil mhaoinithe i bhfad níos ísle ná mar atá molta ag an Údarás Craolacháin. Beidh sé thar a bheith deacair straitéis nua TG4 a thabhairt i gcrích mura ndéantar beart ina leith sin. Ní foláir bonn i bhfad níos seasmhaí a chur faoin maoiniú reatha ionas gur féidir linn an t-ábhar ardchaighdeáin a chur ar fáil don lucht féachana air ar an teilifís agus ar ardáin eile.

Mar chraoltóir-foilsitheoir is foinse thábhachtach maoinithe é TG4 do chláracha nua Éireannacha agus bhí tionchar ag an laghdú ar chistíocht TG4 ar earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Féachtar, tríd an straitéis nua, le breis infheistíochta a dhéanamh in ábhar nuacheaptha coimisiúnaithe lena chraoladh ar na seirbhísí craolacháin agus digiteacha agus lena chinntiú go mbeidh earnáil láidir bhríomhar léiritheoirí neamhspleácha Gaeilge ann.

Tá buntábhacht le maoiniú breise a aimsiú le hinfheistiú i gcláracha agus in ábhar má tá TG4 le fás a chur ar an lucht féachana agus ár ról seirbhíse poiblí a chinntiú don todhchaí.

**Buíochas**

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Iar-Aire Denis Naughten agus leis an Aire a tháinig ina áit, an tAire Richard Bruton, as a gcuid tacaíochta. Táthar buíoch freisin d'oifigigh na Roinne agus go háirithe den Ard-Rúnaí Mark Griffin a thugann tacaíocht i gcónaí do TG4 agus a aithníonn an luach a chruthaíonn muid don lucht féachana.

Táimid fíorbhuíoch den mhaoiniú breise a fuarthas ón Roinn sa bhliain 2018 ionas go bhféadfaí tionscnaimh thábhachtacha maidir le ceiliúradh ar Bhliain na Gaeilge a thabhairt i gcrích. Leag an Rialtas amach go mbeadh ceiliúradh speisialta á dhéanamh ar an nGaeilge sa bhliain 2018, cothrom 125 bliain ó bunaíodh Conradh na Gaeilge agus gluaiseacht athbheochan na teanga na heagraíochta sin. Chonacthas go mba thráthúil ceiliúradh a dhéanamh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar an nGaeilge agus gur mhór an deis an bhliain cheiliúrtha chun an teanga a athbheochan i measc mhuintir na hÉireann. Bhí d'aidhm le Bliain na Gaeilge úsáid na teanga a spreagadh agus íomhá agus sofheictheacht na teanga i ngnáthchúrsaí an lae a chur chun cinn. Cuireadh clár bliana d'imeachtaí cruthaitheachta agus pobail ar bun faoi phátrúnacht an Uachtaráin, Micheál D. Ó hUigínn. Bhí ról tábhachtach ag TG4, craoltóir seirbhíse poiblí na Gaeilge in Éirinn, maidir le himeachtaí Bhliain na Gaeilge, ag cur ar fáil ábhar breise, craolta agus ar líne, chomh maith le himeachtaí pobail agus cultúir. Cuireadh tús spleodrach le Bliain na Gaeilge trí chraoladh speisialta a dhéanamh ar Oíche Chinn Bhliana agus cinntíodh, trí ár seirbhísí ar líne, go raibh deis ag diaspóra na hÉireann ar fud an domhain, ceangal leis an gcéad imeacht ceiliúrtha den bhliain.

Gabhaim buíochas leis an earnáil léiriúchán neamhspleách. Bíonn an rath atá ar sheirbhís TG4 ag brath go mór ar na cláracha agus ar an ábhar spéisiúil, nuacheaptha ón earnáil sin. Tá sé i gceist, le straitéis TG4, breis infheistíochta a dhéanamh san earnáil, a chinntiú go leanann an earnáil sin ag méadú agus go spreagtar forás agus forbairt na gcomhlachtaí a chuireann an t-ábhar sin ar fáil dúinn. Tá forás na gcomhlachtaí sin ina chuid thábhachtach den earnáil iomlán léiriúcháin closamhairc. Gan an méadú ar mhaoiniú a leagtar amach sa straitéis cúig bliana, beidh sé deacair a chinntiú go mbeidh cistíocht go leor ar fáil chun a bhfuil geallta ó thaobh léiriúcháin a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe ar an mBord. Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as an dúthracht agus an díograis leanúnach do TG4 a dhéanann tairbhe iontach maidir le héifeachtúlacht na heagraíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le Fochoistí an Bhoird, agus leis na Rúnaithe, as an obair a dhéanann siadsan.

Tá an Bord buíoch ar ndóigh de Chomhairle an Lucht Féachana faoi chathaoirleacht Frank Reidy. Is mór againn



Ard-Stiúrthóir TG4 Alan Esslemont leis an Aire Stáit, Seán Kyne TD

an obair a dhéanann an Chomhairle maidir le cuidiú le TG4 tuairimí agus riachtanais an lucht féachana a thuiscint.

Táthar buíoch chomh maith d'Údarás Craolacháin na hÉireann, de Chiste Craoltóireachta na Gaeilge agus d'Fhís Éireann as an gcúnamh leanúnach, de RTÉ as an gcúnamh lena n-áirítear 365 uair a chloig d'ábhar Gaeilge a chur ar fáil de réir na reachtaíochta.

Faoi cheannaireacht bhríomhar Alan Esslemont, an tArd-Stiúrthóir, d'oibrigh lucht bainistíochta agus foireann iomlán TG4 go dian i rith na bliana 2018 chun an straitéis nua agus athnuachan leanúnach na seirbhíse agus chúrsaí oibriúcháin na seirbhíse a thabhairt i gcrích. Ba bhliain spéisiúil í, agus iomaí ábhar dúshláin le sárú lena linn, agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Alan agus leis an bhfoireann as dúthracht a gcuid díograise agus as an dul chun cinn mór a rinneadh maidir le TG4 a chur ar bhonn slán don am atá romhainn. Tá mé féin agus comhaltaí uile an Bhoird ag tnúth le bheith ag obair le Alan agus leis an bhfoireann i rith na bliana 2019 agus san am ina dhiaidh sin.



**Siún Ní Raghallaigh**
***Cathaoirleach***

# Tuairisc an Ard-Stiúrthóra, 2018

Ba bhliain í 2018 ina bhfaca na craoltóirí go léir athrú suntasach ar mhianta an lucht féachana, athrú atá le sonrú i straitéis nua TG4 freisin agus sa toradh ar an straitéis sin, agus ba bhliain í inar baineadh amach cuid mhór maidir leis an tseirbhís.

**Rogha Breise ag an Lucht Féachana maidir le hÁbhar agus le Modhanna Féachana**

Níor tharla riamh cheana oiread rogha a bheith ag lucht féachana na teilifíse maidir le craoltóirí, seirbhísí físeán ar a n-éileamh (VOD) agus seirbhísí sruthchraolacháin ag cur ábhair ar fáil ar mhargadh na hÉireann. Cuireann comhlachtaí táillefíse (teilifís ar táille) réimse fhairsinge cainéal agus rogha leathan ábhair ar fáil don lucht féachana in Éirinn.

Chomh maith leis an rogha ábhair, tá athrú freisin ar na modhanna ina dtapaítear an t-ábhar, go háirithe i measc dhreamanna níos óige den lucht féachana. Tríd is tríd, tá laghdú ó 84.1% sa bhliain 2014 go dtí 72.7% sa bhliain 2018[10] tagtha ar an sciar de réir an nóiméid den ábhar closamhairc a mbreathnaítear beo ar an teilifís agus ardú tagtha ar an sciar maidir le físeáin ghairide, seirbhísí ar a n-éileamh agus seirbhísí neamhspleácha ar táille. Tá an lucht féachana ag tapú níos mó ábhair ón iliomad foinse ar réimse leathan d'ardáin éagsúla agus tá cúngú dá réir ar an méid, agus ar an sciar, den lucht féachana a aimsíonn na craoltóirí go léir.

**Straitéis TG4 2018-2022**

Tá sé mar aidhm ag straitéis nua TG4 fás a chur arís ar sciar an lucht féachana atá ag TG4 agus bealaí nua a aimsiú chun lucht féachana níos leithne a aimsiú. Chuige sin, tá cur chuige débheannach (twin-pole) againn, ag iarraidh croí-lucht féachana na Gaeilge a choinneáil, agus cur lena leibhéal sástachta le TG4, ach ag an am céanna leathnú amach a dhéanamh ar an méid den lucht féachana náisiúnta teilifíse a bhreathnaíonn ar ábhar TG4.

Leis an straitéis nua tá sé i gceist againn go mbeidh TG4 níos bríomhaire agus níos tarraingtí agus go dtabharfaidh níos mó daoine aird ar TG4. Ní féidir é sin a bhaint amach, áfach, mura ndéanfar breis infheistíochta in ábhar atá sainiúil, siamsúil agus a spreagann spéis an dá dhream, an croí-lucht féachana agus an lucht féachana náisiúnta.

I rith na bliana 2018 rinne ár rialtóir, Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), athbhreithniú cúig bhliana in éineacht leis na craoltóirí seirbhíse poiblí maidir leis an gcistíocht phoiblí a chuirtear ar fáil. Rinneadh, mar chuid den athbhreithniú sin, straitéis TG4 a mheas go mion. Thacaigh an tÚdarás Craolacháin leis an straitéis sin agus rinne siad measúnú go bhfuil luach i gcónaí i saothar TG4 don lucht féachana in Éirinn. Ba é breith an Údaráis chomh maith go bhfuil cúis mhaith le hardú a chur ar an gcistíocht chun cuidiú le TG4 mianta an lucht féachana a shásamh chomh maith le dul i ngleic leis na dúshláin iomaíochta, teicneolaíochta agus airgeadais atá romhainn.

**TG4 Gach Áit/TG4 Everywhere**

*TG4 Gach Áit* an fhís atá againn do TG4. Is mian linn gur ábhar cruthaitheach téagartha i nGaeilge a thuigfidh daoine le branda TG4 agus go mbeidh an t-ábhar sin ar fáil do dhaoine sa bhaile, do dhaoine atá ag taisteal agus do dhaoine i bpictiúrlanna in Éirinn agus ar fud an domhain. Ní foláir comhoibriú chun é sin a thabhairt i gcrích. Tá muid ag forbairt ardáin TG4 féin mar áit lárnach do na meáin i nGaeilge chomh maith le comhpháirtíochtaí a chothú le dreamanna eile chun ábhar TG4 a scaipeadh agus a dháileadh chun aird níos forleithne a thabhairt ar an ábhar agus dul i gcion níos tréine ar dhaoine.

Rinneadh dul chun cinn mór maidir leis an ngné seo den straitéis i rith na bliana 2018. Leanadh den fhorbairt ar ardáin na meán sóisialta chun caidreamh a chothú leis an lucht féachana agus daoine a tharraingt ag féachaint ar chláir agus ar imeachtaí TG4. Seoladh *Bloc*, an cainéal meán sóisialta do dhaoine 18-34 bliana d'aois, agus *Molscéal*, an cainéal nuachta & siamsaíochta, an ráithe dheireanach den bhliain. *Molscéal* an chéad chainéal agus aip riamh ar a gcuirtear gearrfhíseáin ar fáil in aon áit amháin do phobal na Gaeilge. Cuirtear físeáin ar fáil atá bunaithe ar an bpobal le hábhar siamsaíochta, nuachta, cartlainne agus spóirt. Chruthaigh an dá chainéal go maith leis an lucht féachana agus sháraigh siad spriocanna na bliana tosaigh.

Leanadh den fhorbairt ar ardáin meán sóisialta *SpórtTG4* ionas gur spreagadh spéis an lucht féachana in ábhar cláir *SpórtTG4*. Cuireadh ábhar ar fáil ó imeachtaí spóirt mórthábhachta. Rinneadh, mar chuid den obair sin, ábhar eisiach a chur ar fáil ar líne ó roinnt cluichí i rith shéasúr Shraith Allianz. Craoladh an cluiche leathcheannais i Roinn 1 den tSraith Iománaíochta idir Cill Chainnigh agus Loch Garman ar Dhomhnach Cásca beo ar chainéal YouTube TG4, agus ceanglaíodh leis níos mó ná 77,000 amharcanna, an líon is airde ó tosaíodh anuraidh den chéad uair ag taispeáint ábhar spóirt beo ar an gcainéal.

Baineadh leas freisin as comhpháirtíocht ionas gur forleithne an leas is féidir a bhaint as acmhainn foghlama TG4 maidir leis an nGaeilge, TG4.ie/foghlaim Portal agus leanadh de dheis a thabhairt an t-ábhar sin a thapú trí thairseacha foghlama eile. Rinneadh saibhreas agus leithne réimse ábhair chartlann ar líne TG4, ábhar ceoil agus ábhar oideachais a chur ar taispeáint ag cur i láthair speisialta ag 'Margadh' Oireachtas na Gaeilge.

**TG4 sa Phictiúrlann – Cine4**

Sheol TG4 an scéim *Cine4* i gcomhar leis an Údarás Craolacháin agus le Fís Éireann. Is tionscnamh comhmhaoinithe atá ann chun bonn a chur faoi fhadscannáin Ghaeilge a fhorbairt agus a léiriú. Cuireadh an dara babhta den scéim i gcrích i rith na bliana 2018 maidir le dhá fhadscannán a chuirfear ar taispeáint i bpictiúrlanna ar fud na tíre i rith na bliana 2019 agus ag féilte idirnáisiúnta ina dhiaidh sin, ionas go gcruthaítear lucht féachana do scannáin i nGaeilge agus aird idirnáisiúnta orthu. Beidh dhá scannán eile á léiriú faoi scáth scéim *Cine4* i rith na bliana 2019 a chuirfear ar taispeáint iad sna pictiúrlanna sa bhliain 2020.

[10] De réir Nósanna Féachana TAM Ireland, 2018.

**An Lucht Féachana ar Ardáin Dhigiteacha**

Bhí an fhorbairt leanúnach atá ar bun ar ábhar le sonrú freisin ar na hardáin dhigiteacha agus tháinig feabhas maidir le líon an lucht úsáidte agus le fad na húsáide a bhaineann siad as an ábhar.

Tháinig ardú os cionn 2m ar líon na gcuairteoirí uathúla ar an láithreán gréasáin ardú beagnach 30% go dtí os cionn 25m. Tá *TG4.ie* ag uimhir 1 i gcónaí de réir ord na láithreán gréasáin ar fud an domhain.[11] Chruthaigh Seinnteoir TG4 go maith. Tháinig ardú níos mó ná 16% ar líon na sruthanna a ceanglaíodh agus ardú níos mó ná 5% ar líon na n-uaireanta an chloig a breathnaíodh. Tharla ardú beagnach 50% maidir le haipeanna a íoslódáil. Tháinig borradh mór freisin maidir leis an gcaidreamh ar na meáin shóisialta i rith na bliana 2018 le hardú 47% ar líon na bhfíseán ar breathnaíodh orthu.

Bítear i gcónaí ag cur le teacht i láthair TG4 ar na hardáin dhigiteacha ionas gur féidir leis an lucht féachana ceangal linn ar fud an domhain ar na seinnteoirí nó ar an aip a bhfuil leaganacha IOS, Android agus SmartTV de ar fáil.

**Spéis a Spreagadh sa Lucht Féachana Óg**

Tá sé mar aidhm ag TG4 ceannródaíocht a dhéanamh i measc chraoltóirí seirbhíse poiblí na hEorpa, go háirithe craoltóirí teangacha dúchais, chun feabhas a chur ar an ábhar agus ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do leanaí ar na hardáin go léir.

Is féidir le craoltóirí seirbhíse poiblí tionchar tábhachtach a imirt maidir le hábhar ardchaighdeáin a chur ar fáil atá siamsúil agus oideachasúil. Aithníonn muid go gcaithfidh TG4 ról tábhachtach a chomhlíonadh ina leith sin. Déantar cheana féin seirbhís chuimsitheach a chraoladh gach lá do leanaí, *Cúla4 na nÓg* do leanaí réamhscoile agus *Cúla4* do leanaí níos sine ná sin. Déantar freisin seirbhísí ar a n-éileamh, seirbhísí ar líne agus ar seirbhísí fhón póca a chur ar fáil le hábhar Gaeilge. Ina ainneoin sin, tuigtear gur féidir níos mó a dhéanamh. Cé go bhfuil an caiteachas ar ábhar do leanaí níos mó ná dúbailte againn i rith na ndeich mbliana anuas go dtí an bhliain 2017, ardú beagnach 20% curtha ar líon na n-uaireanta craolta do leanaí agus ábhar agus seirbhísí nua digiteacha do leanaí seolta againn, tá iomaíocht ghéar ann ón iliomad foinse éagsúil.

Féachtar, mar chuid de straitéis TG4, le sceideal maith de chláir Ghaeilge do leanaí a chraoladh. Craoladh 1,305 uair an chloig d'ábhar Gaeilge do leanaí i rith na bliana 2018. Áirítear leis sin cláir nuachoimisiúnaithe de leithéid *Ár Scéal* ar ar chuir leanaí 52 scéal nuascríofa i láthair trí mheán na healaíne. Feictear sa tsraith an láithreoir, Úna Ní Fhlatharta, ag taisteal i veain lán le hábhar ealaíne go dtí 52 bhunscoil ar fud na tíre ag bailiú scéalta a bhfuil maisiú déanta orthu ag na leanaí. An scríbhneoir Patricia Forde, a bhfuil gradaim bronnta uirthi as a cuid scríbhneoireachta do leanaí, a chum na scéalta. I measc na gclár freisin bhí *CLUB*, inar thug daoine óga a gclub CLG isteach i gcuideachta roinnt dá gcuid laochra spóirt.

Rinne TG4 dhá shraith nua a choimisiúnú i rith na bliana 2018 a bhí dírithe ar leanaí, *Is Mise Ciara/Is Mise Jeaic* agus *Ár Scéalsa* chomh maith le dhá shraith le comhchistíocht ón Údarás Craolacháin, *An GAA* agus *Lurgan 2017*. Féachtar le ceiliúradh a dhéanamh leis an ábhar sin ar shaoithiúlacht cultúir na hÉireann agus ar an



Seoladh *BLOC*

iléagsúlacht chomh maith le cead cainte a thabhairt do leanaí na hÉireann.

Is den tábhacht go ndéanann TG4, an craoltóir seirbhíse poiblí Gaeilge, an straitéis maidir le leanaí a chur i gcrích. Is gné chinniúnach de sin go mbeadh níos mó ábhair nuacheaptha Gaeilge ar ardchaighdeán á chur ar fáil a mbaineann na leanaí taitneamh as. Ní hamháin gur gá do TG4 meon tairbheach i leith na Gaeilge a chothú, caitear chomh maith ábhar siamsa agus ábhar spreagtha a chur ar fáil do na leanaí agus caidreamh a chothú leis an lucht féachana sin ionas go mbíonn tábhacht acu leis an stáisiún san am atá le teacht.

Is é an t-idirlíon an meán is mó trína dtapaíonn dreamanna óga sa lucht féachana ábhar. Is lú den teilifís a mbreathnaíonn siad beo air de réir sceidil agus fabhar acu le hábhar ar a éileamh agus le hábhar ar líne.

Tá buntábhacht dá réir sin ag TG4 maidir le ceangal leis an dream óg le leanúint ag tapú na ndeiseanna a bhaineann le seirbhísí digiteacha agus le seirbhísí ar líne. Leanfaidh athrú ar an gcuid nósanna féachana san am atá le teacht de réir mar is mó agus is minice a bhíonn na meáin cheangailte, mar is fearr an teacht a bhíonn ar cheangal ardluais leathanbhanda agus mar a thagann athrú arís agus arís eile ar chúrsaí teicneolaíochta. Tá ceannródaíocht á dhéanamh maidir leis an réimse nua meán cumarsáide seo le Bloc, cainéal meán sóisialta TG4 do dhaoine idir 18 agus 34 bliain d'aois.

**Sárchláir de chuid na hÉireann**

Féachann TG4 i gcónaí leis an sceideal craolacháin is cuimsithí d'ábhar ardchaighdeáin, a bhfuil an *tsúil eile* de mheon leis, a chur ar fáil don lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Is ábhar mórtais againn go háirithe na cláir bhreátha siamsaíochta agus faisnéise a craoladh i rith na

[11] De réir rangú Alexa.

bliana 2018, go mór mór ó fhómhar na bliana 2018 ar aghaidh, an chéad uair a raibh ar chumas TG4 réimse suntasach den ábhar nua ó na socruithe ollsoláthair a chur sa sceideal.



***Underdogs*** **léirithe ag Adare Productions**

Ar cheann de na cláir siamsaíochta Gaeilge ag TG4, bhí sraith nua faoi stair, nósanna agus cultúr an bhia in Éirinn, *Blasta*, chomh maith le clár inar ríomhadh an saol ar feadh bliana in óstán cáiliúil faoin tuath i nDún na nGall, *Shandon*. Craoladh freisin *Hector – Ó Siberia go Saigon* faoi thuras eachtrúil a thug Hector aduaidh as lár na Sibéire. Bhí an tsraith iomráiteach *Underdogs* ar ais ar TG4 le peileadóirí cáiliúla ag cur brú ar imreoirí dóchasacha agus iomaíocht ghéar á cruthú maidir le háit a fháil ar an bhfoireann.

Phléigh na sraitheanna géarchúiseacha *Finné* agus *Tabú* le cásanna conspóide maidir le héagóir agus le ceisteanna móra shaol na hÉireann sa lá atá inniu ann. Bhí léargas ghrinn ar shraitheanna de leithéid *Bailte*, *Gaeil UK*, *Turas Bóthar*, *Beidh Aonach Amárach* agus *Bádóirí* ar shaol an ghnáthdhuine, agus ar shaol an phobail go háirithe, in Éirinn agus sa Bhreatain, le hábhar machnaimh agus ábhar siamsaíochta fite tríothu.

Leanadh den dul chun cinn leanúnach maidir le cláir spóirt ar TG4 i rith na bliana 2018. Craoladh líon maith cluichí i Sraith Peile Allianz agus i Sraith Iománaíochta Allianz i rith na bliana 2018. Tharraing cluichí sna comórtais sin aird 1.47m duine ar fad, níos mó ná aon trian den lucht féachana teilifíse atá ar fáil. Bhí meánlíon 207,500 ag faire ar an gcluiche ceannais, sciar 25% den lucht féachana. I gcás an chluiche idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh ar Dhomhnach Cásca, bhí meánlíon 278,600 ag faire, sciar 30.1% den lucht féachana. Tharraing an cluiche sin aird 549,000 duine ar fad.

Craoladh 19 de chluichí de chuid Chumann Pheil na mBan, idir chraobh na sinsear agus an chraobh idirmheánach, ó mhí Iúil ar aghaidh go lá Chluichí Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh nuair a imríodh cluichí ceannais i gCraobhchomórtais Uile-Éireann TG4 i ngrád na sóisear, sa ghrád idirmheánach agus i ngrád na sinsear. Craoladh clár nua, maidir leis na cluichí ceannais lá arna mhárach, beo ó Theach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath an oíche roimh ré le ceol, réalta spóirt agus mná iomráiteacha eile i lár an ardáin. Craoladh sárchluichí chraobh rugbaí an *Guinness Rugby PRO14* ar TG4 freisin chomh maith le Cluichí Ceannais Contae agus craobhchomórtas AIB na gClub sa pheil agus san iománaíocht le cluiche beo ar an Domhnach idir mí Deireadh Fómhair agus mí na Nollag 2018. I gcláir níos éadroime i réimse an spóirt, thug TG4 léargas ar shaol pearsanta roinnt de na himreoirí is cáiliúla de chuid CLG i sraith nua de *Laochra Gael*.

Tháinig borradh breise arís faoi na cláir maidir leis an gceol traidisiúnta. Craoladh sraith nua de *Sé Mo Laoch* agus mar is gnáth le TG4, craoladh *Gradam Ceoil TG4*, *Tradfest*, *Lurgan 2K18* agus *Junior Eurovision*. Craoladh freisin cláir éagsúla faoin gceol tíre, ina measc *Opry le Daniel*, *Glór Tíre* agus *Irish Post Country Music Awards* beo as Fóram na Mílaoise i nDoire.

Tá cáil ag teacht ar TG4 le roinnt blianta anuas maidir le himeachtaí beo agus bhí ról lárnach acu ar sceideal an stáisiúin i rith na bliana 2018. Tá sin le sonrú ar chláir de leithéid *Samhain Live* (seó spleodrach beo as Doire ar Oíche Shamhna), *Fáilte 2019* ar Oíche Chinn Bhliana agus *The Irish Post Awards* chomh maith le craoltóireacht chuimsitheach beo ar imeachtaí mar chuid d'Oireachtas na Samhna i gcláir de leithéid *Steip* agus *Lár Stáitse*. Bhí craoladh beo as Cill Airne ar feadh ceithre lá i gceist le *Oireachtas na Gaeilge* príomhfhéile ealaíon agus cultúir Gaeilge na hÉireann. Tionscnamh tábhachtach atá i nGradam Ceoil agus neartaíodh sa bhliain 2018 an comhar rathúil le Ciste Craoltóireachta na Gaeilge agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste nuair a rinneadh craoladh beo ar an ócáid a eagraíodh i mBéal Feirste.

Cuireadh tráchtaireacht chuimsitheach *Nuacht TG4* ar chúrsaí ar fáil freisin. Tá an tsúil eile le sonrú go sainiúil ar an tseirbhís nuachta atá mórtasach as an gceanncheathrú a bheith lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús i rith na bliana 2018 le tréimhse nua comhpháirtíochta idir TG4 agus RTÉ maidir leis an tseirbhís. Rinneadh dá réir sin athsheoladh ar chláir *Nuacht RTÉ* ar RTÉ One agus ar RTÉ News Now ionas go bhfuil cuma nua ar fad orthu. Is admháil an branda nua, *Nuacht RTÉ le TG4*, ar an gcomhpháirtíocht eadrainn. Rinneadh acmhainní a infheistiú i rith na bliana 2018 chun an stiúideo nuachta a thabhairt cothrom le sárchaighdeáin na linne agus i mí Aibreáin, d'aistrigh cláir nuachta RTÉ go dtí an stiúideo feabhsaithe nuadheartha nuachta ag TG4 i mBaile na hAbhann. Is ábhar ríméid ag TG4 go mbíonn an clár nuachta le feiceáil anois ar chainéil teilifíse RTÉ agus féachann níos mó ná 420,000 duine ar chláir Nuacht ar RTÉ One nó ar TG4 gach seachtain.

Bhí an tsraith sheachtainiúil cúrsaí reatha *7Lá* ar ais ar TG4 chomh maith leis an tsraith iomráiteach clár faisnéise *Fíorscéal* agus an chéad chraoladh teilifíse in Éirinn ar an scannán géarchúiseach *This is Palestine* le John agus Gerry McColgan ar an gcéad chlár sa tsraith.

Chomh maith leis an sobaldráma Gaeilge *Ros na Rún*, craoladh cláir drámaíochta ardchaighdeáin eile i nGaeilge chomh maith le drámaíocht idirnáisiúnta. Ábhar mórtais faoi leith do TG4 an fadscannán faisnéise agus drámaíochta *Murdair Mhám Trasna*, atá dírithe ar eachtra iomráiteach

i stair na hÉireann nuair a rinneadh slad sa bhliain 1882 ar chúigear den aon teaghlach amháin i mbaile iargúlta Mhám Trasna in iarthar na tíre. Mar gheall ar an gcaoi ar oibrigh údaráis na Breataine, daoradh daoine neamh-chiontacha, roinnt acu chun báis trína gcrochadh agus an chuid eile chun príosúin mar gheall ar mhionn éithigh agus ar bhreabaireacht. Ba é cur síos a thug an staraí iomráiteach de chuid na Breataine, Robert Kee, ar ar tharla: "one of the most blatant miscarriages of justice in British legal history".

Chuir craoladh an scannáin ar TG4 borradh mór faoi fheachtas, lenar sheas an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn, pardún iarbháis a bhronnadh ar na fir neamhchiontacha. Roghnaíodh *Murdair Mhám Trasna* ar son na hÉireann sa chatagóir do scannáin agus do chláir staire ag Féile na Meán Ceilteach.

**Gradaim**

Bhí caighdeán an ábhair agus na bpearsaí le sonrú arís i mbliana ar ar bronnadh de ghradaim agus d'ainmniúcháin ar TG4 i rith na bliana 2018. Áirítear orthu sin gradaim ag Féile na Meán Ceilteach do *An Béal Bocht*, *Rocky Ros Muc* agus *Murdair Mhám Trasna*. Bronnadh gradaim/ainmniúcháin freisin ar *Camino Voyage* ag an Irish Screen America Film Festival, Féile Idirnáisiúnta Scannánaíochta an Daingin agus Luxembourg British & Irish Film Season. Gnóthaíodh trí ghradam *IFTA* maidir le *TG4XX BEO* (Gifted Empire/TG4), *Fir Bolg* (Dearg Films/TG4) agus *Domenico Pontillo*, *Wild Ireland – the Edge of the World*. Gnóthaíodh 19 gradam/ainmniúchán maidir le Gradaim Chumarsáide an Oireachtais i ndáil le *Camino an tSáile*, *Song of Granite*, *An Focal Scoir*, *Beidh Mé Ar Ais*, *Grace Harte*, *Rocky Ros Muc*, *Anseo i Lár an Ghleanna*, *Cúl Stáitse* agus cláir eile chomh maith le pearsaí de chuid TG4. Buadh gradaim/ainmniúcháin freisin maidir le gradaim Sockies, Circom, Radharc agus eile i rith na bliana.

Roghnaíodh dhá scannán suntasach faisnéise de chuid TG4 (le comhchistíocht faoin scéim Fuaim & Fís ón Údarás Craolacháin) mar scannáin tús áite ag an Irish Film Festival i mBostún i rith na bliana 2018. Bhí *Noel Hill – Broken Dream* (Aisling Ghéar), portráid ghéarchúiseach de dhuine de na ceoltóirí traidisiúnta is clúití in Éirinn agus é ag teacht chuige féin tar éis ionsaí tromchúiseach agus *In the Shadow of the Glen*, ina ríomhtar meath a theacht ar bhaile in iarthar na hÉireann a bhíodh bríomhar tráth agus ina spreagtar ceisteanna níos ginearálta faoi chúrsaí cultúir agus inmharthanachta, ar na príomhscannáin ag an bhféile. Dúirt Martin J. Walsh, Méara Bhostún, gur léiriú na scannáin ar an tsárobair atá ar bun ag TG4 agus gurbh fhollasach go bhféadfaí iad a chur i gcomórtas le scothscannáin an domhain. B'ábhar ríméid do TG4 na scannáin sin a roghnú le taispeáint ag ócáid ghradamúil dá shórt. Is gné thábhachtach den tionscnamh '*TG4 Gach Áit*' go mbeifí ag cothú an cheangail le lucht féachana na hÉireann gan bheann ar an áit ina bhfuil siad.

**Bliain na Gaeilge — agus cur chun cinn spórt na mban go leanúnach ag TG4**

Chuir TG4 imeachtaí agus cláir speisialta ar fáil i rith na bliana 2018 chun ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain na Gaeilge. Táthar an-bhuíoch as an gcistíocht bhreise a fuarthas ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a chuir ar ár gcumas na tionscnaimh seo maidir le Bliain na Gaeilge a chur i gcrích.



*Murdair Mhám Trasna* léirithe ag Rosg Teo.

I gcomhar le Cumann Peil na mBan, craolann TG4, urraithe an chraobhchomórtais, cluichí chraobh na sinsear agus na craoibhe idirmheánaí. Foilsíodh lógó nua ar a bhfuil na focail 'Peil na mBan' mar cheiliúradh ar Bhliain na Gaeilge agus cuireadh leagan Gaeilge ar fáil freisin de Threoir Oifigiúil an Chumainn. Thug TG4 cúnamh taca maidir le lá gníomhaíochta i bPáirc an Chrócaigh i rith na bliana. Tháinig cailíní Faoi 12 as gach cuid d'Éirinn le chéile i bPáirc an Chrócaigh ar Lá Náisiúnta Blitz na gClubanna Gaeltachta 2018 chun cluichí a imirt agus bualadh le réalta móra Pheil na mBan. Ócáid faoi leith a bhí anseo ag a ndearnadh ceiliúradh ar theanga na Gaeilge trí mheán an chluiche. Is ábhar mórtais ag TG4 gur féidir linn, tríd an gcomhpháirtíocht le Cumann Pheil na mBan agus le Lidl, cuidiú le peil na mban a chur i láthair mar is cóir. Seoladh an feachtas #properfan freisin a chuidigh le spéis mhór a chothú sna cluichí. Is breá linn freisin an bhéim is ceart a bheith á tharraingt ar spórt na mban ar fud na hÉireann mar gheall ar a fheabhas atá ag éirí le Craobhchomórtais Chumann Pheil na mBan.

Le fada tá cáil ar TG4 maidir leis an tacaíocht a thugann muid do mhná a imríonn spórt , an cheannródaíocht a rinne muid maidir le spórt na mban a chraoladh agus an aird a tharraing muid ar spórt na mban ó bunaíodh an stáisiún sa bhliain 1996. I mí na Nollag 2018, shínigh TG4 comhaontú maidir le feidhmiú mar Chomhpháirtí Meán Cumarsáide i ndáil leis an tionscnamh 20x20 Women in Sport. Leis an gcomhpháirtíocht seo, daingneofar ról TG4 maidir le spórt na mban agus cuirfear leis an aird agus leis an trácht ar spórt na mban ar gach leibhéal in ábhar cláir an stáisiúin. Cuid thábhachtach dár mbeartas forbartha is ea an chomhpháirtíocht leis an LGFA, comhpháirtíocht a bhfuil ag éirí thar cionn léi, chomh maith leis an gclúdach a dhéanann an stáisiún ar spórt eile mar chamógaíocht, cispheil, leadóg, badmantan, snámh, lúthchleasaíocht agus tuilleadh. I rith na bliana 2018,

chraol TG4 tuairim is 90 uair an chloig d'ábhar spóirt na mban le himeachtaí beo, buaicphointí, tuairiscí nuachta agus cláir faisnéise, agus tarraingíodh lucht féachana beagnach 1.2 milliún duine. Táthar ag tnúth le breis a dhéanamh anuas ar an méid sin agus cur leis an aird agus leis an tuiscint ar réimsí éagsúla de spórt na mban ar TG4 i rith na mblianta seo romhainn.

**An Lucht Féachana don Ábhar Craolacháin**

Ba bhliain dhúshlánach í an bhliain 2018 inar tharla géarú arís eile, seachas mar a bhí riamh cheana ann, ar an iomaíocht maidir le lucht féachana. Gan dóthain maoinithe chun infheistíocht a dhéanamh in ábhar sárspéisiúil siamsúil agus chun dul in iomaíocht le hollchomhlachtaí meán cumarsáide idirnáisiúnta, cuireadh isteach ar ár gcumas spéis an lucht féachana líneach a spreagadh. Cé gur aimsíodh 85% den chroí lucht féachana Gaeilge, sárbheartaíocht, tharla ísliú den chéad uair le trí bliana anuas ar líon na ndaoine a bhreathnaigh orainn agus ar ár sciar den lucht féachana náisiúnta iomlán.

Bhí meánsciar TG4 den lucht féachana náisiúnta teilifíse ar feadh an lae cothrom le beagnach 1.8% i rith na bliana 2018, laghdú ó bheagnach 1.9% sa bhliain 2017. Cor chun sochair ab ea an sciar le linn na bpríomh-thráthanna craolta, na tráthanna sa sceideal craolacháin is géire iomaíocht, a bheith beagnach 2% i rith ráithe an Fhómhair sa bhliain 2018, an chéad tréimhse ina raibh ábhar á chraoladh i sceideal TG4 a eascraíonn ó na socruithe nua ábhair a cuireadh ar bun mar chuid dár straitéis. Bhí an sciar ab airde maidir le haon lá faoi leith os cionn 9% agus bhí TG4 arís ar an 7ú cainéal ba mhó lucht féachana in Éirinn i rith na bliana, beart nach fánach i bhfianaise a bhfuil de chainéil ar fáil anois ag an lucht féachana in Éirinn.

**Infheistíocht in Earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha**

Is mó de mhargadh domhanda margadh an lón ábhair bliain i ndiaidh bliana le comhlachtaí meán cumarsáide idirnáisiúnta atá sáracmhainneach ó thaobh cúrsaí cruthaitheachta agus gnóthaí airgeadais. I gcás na tíre seo, tá ísliú tagtha ar an infheistíocht in ábhar de chuid na hÉireann. Sa tuarascáil dar teideal *Economic Analysis of the Audiovisual Sector in the Republic of Ireland*[12], tagann Olsberg SPI ar an gcomhairle go bhfuil, mar gheall ar chiorruithe maidir le cistíocht phoiblí, bac suntasach curtha ar ábhar de chuid chultúr na hÉireann a léiriú ag earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Tráth a bhfuil comhlachtaí ollmhóra idirnáisiúnta ag cruthú a gcuid ábhair féin agus ag coinneáil smacht ar chúrsaí dáiliúcháin ina leith, fágann ísliú ar na cistí d'ábhar de chuid na hÉireann gur mó an baol atá ann go mbrúfaí ábhar dúchasach na hÉireann den mhargadh.

Mar chuid lárnach dár múnla craoltóra foilsitheora Gaeilge, cuid dár straitéis ná infheistíocht a mhéadú in ábhar coimisiúnaithe agus tacú le forbairt earnáil léiriúcháin láidir, bhríomhar Gaeilge. Rinneadh infheistíocht €24m i rith na bliana 2018 in ábhar ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn. Féachadh le cur leis an infheistíocht i gcomhaontuithe ilbhliantúla ollsoláthair ábhair leis an earnáil. D'éirigh linn comhaontú nua amháin a shocrú i rith na bliana 2018 ach, mar gheall nár tharla ardú sách mór ar na cistí, ní rabhthas in acmhainn comhaontuithe breise a shocrú.

Leanadh de Ros na Rún, sobaldráma Gaeilge TG4, a chraoladh. Ba í seo an 23ú bliain den tsraith ar a bhfostaítear níos mó ná 150 ball foirne, go díreach nó ar conradh, san eacnamaíocht réigiúnach agus trína gcuirtear córas tábhachtach ar fáil maidir le scríbhneoirí, aisteoirí agus criúnna scannánaíochta a thabhairt chun cinn a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu.

Tá ar na príomhchuspóirí ag TG4 bonn treise a chur faoin bhforbairt ar réimse iléagsúil de dhaoine cumasacha i mbun ábhar closamhairc i nGaeilge a chur ar fáil agus deis a thabhairt do dhaoine nua a gcuid scileanna agus taithí i mbun cruthaitheachta a thabhairt chun cinn.

I rith na bliana 2018, i gcomhar le BBC ALBA, S4C agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, cuireadh an Ciste Idirnáisiúnta Ceilteach ar bun ar mhaithe le cláir nua drámaíochta, beochana agus faisnéise a fhorbairt sna teangacha Ceilteacha. Beidh babhtaí coimisiúnaithe á reáchtáil i gcomhar gach bliain d'fhonn bearta comhfhorbartha agus comhléiriúcháin i nGaidhlig na hAlban, i nGaeilge agus i mBreatnais a chur chun cinn agus comhléiriú idirnáisiúnta, ar leibhéal níos forleithne ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain, ar ábhar a cheaptar den chéad uair sna teangacha Ceilteacha sin. Nuair atá forlámhas chomh mór á fháil ar shaol na meán cumarsáide ag ollchomhlachtaí idirnáisiúnta, a bhrúnn ardtréithe léiriúcháin mar gheall gur acmhainn dóibh an costas a ghabhann leo, is tábhachtaí arís agus arís eile go gcothaíonn TG4 timpeallacht do chomhlachtaí neamhspleácha de chuid na hÉireann inar féidir smaointe ardchaighdeáin de chuid na tíre seo a thabhairt faoi bhláth ar an margadh idirnáisiúnta.

Síníodh Meamram Comhthuisceana i rith na bliana 2018 leis an gcraoltóir Jeonju Television (JTV), sa Chóiré maidir le comhoibriú leanúnach idir Éirinn agus an Chóiré Theas i mbun ábhar a fhorbairt. Faoin gcomhaontú seo, réitítear an bealach do mhalartú ar an ábhar agus ar na cláir is fearr, cothaítear beartaíocht comhléiriúcháin maidir le hábhar cruthaitheachta, déantar maoiniú ar thionscadail comhléiriúcháin agus cuidítear le hobair margaíochta. Tá comhaontú den chineál céanna ar bun le roinnt blianta idir JTV agus an craoltóir Breatnaise S4C agus tháinig réimse de chláir ardchaighdeáin comhléiriúcháin dá bharr sin. Tagann an tionscnamh go rímhaith le cuspóir straitéise TG4 tionscal na cruthaitheachta in Éirinn a fhorbairt agus bonn treise a chur faoi chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ag dul i mbun gnó go hidirnáisiúnta ionas gur féidir ábhar de chuid na hÉireann a chur ar na margaí idirnáisiúnta. Táthar buíoch d'Údarás na Gaeltachta as cúnamh taca a thabhairt maidir leis an tionscnamh seo, comhairle a chur ar fáil agus cúnamh praiticiúil a chur ar fáil do chomhlachtaí Gaeltachta ar mian leo páirt a ghlacadh sa phróiseas.

[12] Olsberg SPI le Nordicity, 2017

**Deacrachtaí Airgeadais agus Cistíocht**

Tar éis blianta fada gan aon athrú, nó le hardú nó ísliú anbheag, ar an maoiniú reatha, d'iarr TG4 ardú bliantúil 5% ar an meán ar an maoiniú reatha i ndáil leis an straitéis nua.

Ba é comhairle an Údaráis Craolacháin go gcuirfí ardú €6m in aghaidh na bliana leis an gcistíocht phoiblí do TG4 agus gur chóir lánéifeacht a bheith leis sin ón mbliain 2018 amach go ceann ré feidhme straitéis TG4. Measadh cúis mhaith leis an ardú sin ó tharla nach leor an chistíocht atá ar fáil faoi láthair chun a chinntiú go maireann TG4 go leanúnach san am atá romhainn.

Cé go raibh TG4 buíoch as an €1m breise de chistí reatha agus an €1m breise de chistí caipitil a cuireadh ar fáil maidir leis an mbliain 2018, ní leor sin chun soláthar don chistíocht is gá maidir le straitéis na seirbhíse agus fágann sin gur deacair straitéis nua TG4 a thabhairt i gcrích go hiomlán.

Tá ról cinniúnach le TG4, an craoltóir agus comhlacht meán cumarsáide seirbhíse poiblí i ndáil leis an nGaeilge, maidir le borradh a chur faoi eacnamaíocht na cruthaitheachta i nGaeilge.

Ní foláir cur leis an infheistíocht sa lón ábhair do na seirbhísí craolacháin agus do na seirbhísí digiteacha ionas go mbíonn tábhacht i gcónaí leo ag an lucht féachana reatha agus ag na glúnta atá le teacht agus ionas go leantar den dea-thoradh i ndáil le haidhmeanna mórthábhachtacha cultúir an bheartais phoiblí, mar shampla an Ghaeilge a chur chun cinn, cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta, ceiliúradh ar an éagsúlacht cultúir agus teanga.

**Buíochas**

Ba mhaith liom, thar ceann TG4, buíochas a ghabháil le cuid mhór daoine agus eagraíochtaí éagsúla.

Is mian liom, ar an gcéad dul síos, buíochas a ghlacadh leis an Aire Denis Naughten T.D. as an gcúnamh taca a thug sé do TG4 le linn a thréimhse oifige. Fearaim fáilte roimh an Aire nua Richard Bruton T.D. chomh maith le buíochas a ghabháil leisean freisin agus leis na hoifigigh sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Is mian liom buíochas faoi leith a ghabháil leis an Ardrúnaí Mark Griffin, as a chuidiúsan. Táthar buíoch as an gcistíocht bhreise agus ag tnúth le hoibriú in éineacht leis féin agus le hoifigigh eile na Roinne i rith na bliana seo chugainn.

Táthar buíoch de chomhaltaí Bhord TG4 agus den Chathaoirleach, Siún Ní Raghallaigh, as a gcuid dúthrachta agus díograise go leanúnach ag obair ar son TG4. Ba í an bhliain 2018 an bhliain tosaigh den straitéis nua agus ba bhliain í ar bhain dúshlán mór léi agus deacrachtaí cistíochta agus margaidh á gcur romhainn arís agus arís eile. Táthar fíorbhuíoch den treoir agus den chúnamh a chuireann an Bord ar fáil do TG4.

Táthar buíoch freisin d'Údarás Craolacháin na hÉireann, d'Fhís Éireann, de Chiste Craoltóireachta na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, de RTÉ agus d'earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Admhaítear an tairbhe a dhéanann siad ar fad maidir le seirbhísí TG4 agus go háirithe an cumas cruthaitheachta atá in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha a chuireann ábhar sainiúil, siamsúil Gaeilge ar fáil. Tá buíochas ag dul chomh maith don iliomad eagraíocht cultúir, Gaeilge agus spóirt a n-oibrítear i gcomhar leo agus táthar ag tnúth le bliain eile ag comhoibriú leo i rith na bliana 2019.

Ba mhaith liom féin go pearsanta buíochas ó chroí a chur in iúl do mo chuid comhghleacaithe anseo i TG4. Is mian liom tagairt faoi leith a dhéanamh do Mhary Uí Chadhain, Stiúrthóir Airgeadais TG4 agus an Rúnaí Cuideachta, a raibh ról lárnach pearsanta faoi leith aici maidir leis an bhforás a tháinig ar TG4 le fiche bliain anuas agus ar mór an fhoinse cúnaimh agus nirt agamsa í ó ceapadh sa phost seo mé sa bhliain 2016. Tá fógartha ag Mary go mbeidh sí ag dul ar scor ó TG4 i rith na bliana 2019 agus tá buíochas TG4 tuilte le fada aici as an gcaoi ar shaothraigh sí ar feadh na mblianta chun cur le hioncam TG4 agus as a cuid léargais maidir le cuidiú le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha borradh agus teacht faoi bhláth. Beidh sé deacair í a shárú.

Beidh na blianta 2018 agus 2019 ina mblianta suntasacha maidir le hathruithe ag an eagraíocht agus an straitéis nua á cur i bhfeidhm. Tá dúthracht, díocas agus díograis léirithe ag an uile dhuine maidir leis an straitéis a thabhairt i gcrích agus cé go bhfuil cuid mhór bainte amach le bliain anuas, is iomaí ábhar dúshláin le sárú go fóill. Ba mhaith liom mo chuid buíochais a ghlacadh leo agus an dua a chaitheann siad leis an obair a thréaslú leo. Táim ag tnúth le hoibriú leis an uile dhuine acu arís i rith na bliana 2019 agus ina dhiaidh sin arís.



**Alan Esslemont**
***Ard-Stiúrthóir***

# Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### *Cúrsaí Rialachais*

Cuireadh Bord TG4 ar bun faoin Acht Craolacháin 2001. Leagtar feidhmeanna an Bhoird amach in alt 87 den Acht Craolacháin 2009. Tugann an Bord cuntas don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Táthar freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus déantar sin trí aidhmeanna agus spriocanna straitéise a leagan síos agus cinntí straitéise maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad a dhéanamh. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as TG4 a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don mheitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlan ag gach comhalta den Bhord ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar cheangal díreach caidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta TG4.

### *Freagrachtaí an Bhoird*

Leagtar obair agus freagracht an Bhoird amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird ina luaitear chomh maith na nithe sin ar leis an mBord amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhuithe maidir le leas,
- tuairiscí ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Tá ceangailte ar Bhord TG4 faoi Alt 109 den Acht Craolacháin 2009 cuntas cuí cothrom a choinneáil, i bhfoirm a aontaíonn an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an airgead ar fad a fhaightear agus a chaitear.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord TG4:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta comhleanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnótha leantaigh ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord ag feidhmiú
- a lua cibé an ndearnadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha óna dhéanamh sin

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ónar léir, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, staid airgeadais an ghnóthais agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin TG4 agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a aontú. Rinneadh athbhreithniú maidir le feidhmíocht TG4 i gcomórtas leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad ar an 29 Aibreán 2019.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní a choimirciú agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil léargas cruinn cothrom ó ráitis airgeadais TG4 ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais TG4 amhail an 31 Nollaig 2018.

### *Struchtúr an Bhoird*

Cathaoirleach, an tArdstiúrthóir (mar chomhalta de bhrí oifige) agus 10 ghnáthchomhalta atá ar an mBord, iad ar fad arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil. Rinneadh comhaltaí an Bhoird a cheapadh go ceann téarma cúig bhliana agus bíonn cruinnithe acu go tráthrialta. Leagtar amach sa tábla thíos mioneolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceapacháin |
|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | Príomhfheidhmeannach | 14/10/2016 |
| Siún Ní Raghallaigh | Cathaoirleach | Athcheaptha 17/04/17 |
| Des Geraghty | Gnáthchomhalta | Athcheaptha 17/04/17 |
| Mairéad Ní Cheóinín | Gnáthchomhalta | Athcheaptha 17/04/17 |
| Micheál Seoighe | Gnáthchomhalta | Athcheaptha 17/04/17 |
| Michelle Ní Chróinín | Gnáthchomhalta | Athcheaptha 17/04/17 |
| Diarmuid Ó Ruiséal | Gnáthchomhalta | 03/03/2015 |
| Bríd Ní Fhachtna | Gnáthchomhalta | 22/07/2015 |
| Frank Reidy | Gnáthchomhalta | 29/09/2015 |
| Mairéad Ní Nuadháin | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |
| Siobhán Ní Ghadhra | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |
| Darach Ó Tuairisg | Gnáthchomhalta | 21/11/2017 |

Chuir an Bord tús i mí na Nollag 2017 le hAthbhreithniú agus Measúnóireacht ar Éifeachtúlacht an Bhoird a tugadh chun críche i Meitheamh 2018. Meastar go gcríochnófar athbhreithniú do 2018 i Meitheamh 2019.

## Sceideal maidir le cúrsaí Freastáil, Táillí agus Costais

Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2018 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

| | An Bord | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Coiste Luach Saothair | Táillí 2018 €'000 | Costais 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | **7** | **4** | **1** | | |
| Alan Esslemont | 7 | - | - | - | - |
| Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach) | 7 | - | 1 | 21,683 | - |
| Des Geraghty | 6 | - | 1 | 12,648 | 3,866 |
| Mairéad Ní Cheóinín | 5 | - | - | 12,648 | 982 |
| Micheál Seoighe | 6 | - | 1 | 12,648 | 503 |
| Michelle Ní Chróinín | 4 | - | - | - | 1,511 |
| Diarmuid Ó Ruiséal | 7 | - | - | 12,648 | 609 |
| Bríd Ní Fhachtna | 7 | 4 | - | 12,648 | 4,410 |
| Frank Reidy | 6 | 4 | - | 12,648 | 310 |
| Mairéad Ní Nuadháin | 6 | 3 | - | 12,648 | 4,480 |
| Siobhán Ní Ghadhra | 7 | - | - | 12,648 | 841 |
| Darach Ó Tuairisg | 7 | - | - | 12,648 | 984 |
| Ilchaiteachais | - | - | - | - | 3,998 |
| Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird) | - | - | - | - | - |
| Mary Uí Chadhain (Rúnaí na Cuideachta) | - | - | - | - | - |
| | | | | **135,515** | **22,494** |

Bhí aon chomhalta amháin den bhord, Michelle Ní Chróinín, nach bhfuair táille Boird de réir phrionsabail an Aon Tuarastail Amháin don Aon Duine Amháin.

Tá dhá choiste curtha ar bun ag an mBord mar seo a leanas:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Is é ról atá leis an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca cúnamh a thabhairt i ndáil leis na cúraimí a leagtar ar an mBord maidir le hábhar riosca, cúrsaí rialála agus rialachais agus dearbhú ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iniúchóireachta san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord ar gach cruinniú de chuid an Choiste chomh maith le tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid i scríbhinn.

   Is iad atá ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Bríd Ní Fhachtna (Cathaoirleach), Frank Reidy agus Mairéad Ní Nuadháin. Tionóladh 4 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2018.

2. **An Coiste Luach Saothair:** Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach), Des Geraghty agus Micheál Seoighe. Tionóladh 1 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2018.

**Na Príomhathruithe Pearsanra**

Níor tharla aon athrú ar chomhaltaí an Bhoird le linn 2018. D'éirigh Pádhraic Ó Ciardha, leas-phríomhfheidhmeannach agus rúnaí an Bhoird, as i mí Feabhra 2018 agus ceapadh Lís Ní Dhálaigh ina rúnaí. Níor tháinig aon athrú eile ar an mbainistíocht shinsearach in 2018.

**Nochtadh atá dlite faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn TG4 lena n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear nochtadh mar seo a leanas a dhéanamh faoin gCód sin:

***Costas Comhairleoireachta***

Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáthdhéanamh an ghnó san áireamh.

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 1,848 | 4,004 |
| Comhairle airgeadais | 49,379 | 8,617 |
| Gnóthaí margaíochta | 141,961 | 183,038 |
| Acmhainní Daonna/Pinsin | 21,352 | 16,630 |
| Forbairt gnó | 43,827 | 38,760 |
| Eile | 39,447 | 60,102 |
| **Iomlán an chostais comhairleoireachta** | **297,814** | **311,151** |
| Costas comhairleoireachta arna chaipitliú | – | 1,251 |
| Costas comhairleoireachta a luaitear de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 297,814 | 309,900 |
| **Iomlán** | **297,814** | **311,151** |

***Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil***

Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a rangú mar seo a leanas:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| In Éirinn | | |
| – An Bord | 15,687 | 12,594 |
| – An Fhoireann | 87,680 | 52,585 |
| Thar Lear | | |
| – An Bord | 2,810 | – |
| – An Fhoireann | 102,430 | 83,385 |
| **Iomlán** | **208,607** | **148,564** |

***Costas Dlí***

Ní raibh aon chaiteachas ar TG4 i 2018 i leith costais Dlí.

***Caiteachas Fáilteachas***

Luaitear caiteachas fáilteachas mar seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 48,731 | 40,664 |
| Fáilteachas cliaint | 19,703 | 11,821 |
| **Iomlán** | **68,434** | **52,485** |

***Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais***

Chomhlíon TG4 na coinníollacha uile maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin na cásanna eisceachta seo a leanas:

Ní dhéanann TG4 sonraí faoi shochair ghearrthéarmacha fhostaithe is mó ná €60,000 a nochtadh de réir bhandaí €10,000 sa tuarascáil bhliantúil mar a d'éileofaí a dhéanamh faoin gCód Cleachtais mar gheall ar íogaire an eolais sin ó thaobh cúrsaí tráchtála. Tá an cás eisceachta sin maidir leis an gCód aontaithe leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus déanfar a nochtadh i dTuarascáil an Chathaoirligh leis an Aire.

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach
24 Bealtaine 2019

# Athbhreithniú Airgeadais 2018

**Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais**
Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2018 i dtéarmaí a príomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, príomhspreagthóirí costais an chainéil, agus a fócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid freisin san athbhreithniú idir feidhmíocht TG4 in 2018 agus in 2017 faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht sa bhliain 2018
4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge sa bhliain 2018

**1. Ioncam**
Mar is léir ó **Thábla 1** thíos, b'ionann an t-ioncam iomlán (maoiniú reatha státchiste agus ioncam tráchtála) in 2018 agus €38.86m (2017: €36.86m). I gcomórtas leis an mbliain roimhe sin, tháinig méadú 5.4% ar ioncam TG4. B'ionann maoiniú reatha státchiste agus €33.79m (2017: €32.79m) den ioncam sin agus b'ionann é agus 87% (2017: 89%) d'ioncam iomlán TG4, leis an ioncam tráchtála ag léiriú 10.5% in 2018 ag at €4.083m (2017: €4.07m). Bhí deontas breise €985,000 ann in 2018.

Mhéadaigh an t-ioncam tráchtála .32%. Is feidhmíocht fhónta é sin i margadh an-iomaíoch fógraíochta agus fógraíochta teilifíse in Éirinn.

Tábla 1: **Ioncam TG4 2018**

| Tuairisc | 2018 €'000 | 2018 % | 2017 €'000 | 2017 % |
|---|---|---|---|---|
| Deontas-i-gcabhair | 33,790 | 87% | 32,790 | 88.9% |
| Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht) | 2,763 | 7.1% | 2,614 | 7.1% |
| Ioncam tráchtála eile | 1,320 | 3.4% | 1,456 | 4.0% |
| Deontas speisialta cláir | 985 | 2.5% | – | 0.0% |
| **Ioncam iomlán** | **38,858** | **100%** | **36,860** | **100%** |

**2. Caiteachas Oibriúcháin**
I dtéarmaí an chaiteachais oibriúcháin bhliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibriúcháin atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistíocht costas chun luach ar airgead a chinntiú i ngach gníomhaíocht. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán agus €38.4m in 2018, méadú 6.5% ar an €36.1m a caitheadh in 2017. Féach **Tábla 2** thíos.

Tábla 2:
**Caiteachas Oibriúcháin TG4 2018 i gcomparáid le 2017**

| Cur síos | €'000 2018 | €'000 2017 | Athrú % idir 2018 & 2017 |
|---|---|---|---|
| Costas na nDíolachán | 980 | 984 | -0.4 |
| Costais Foirne | 5,372 | 5,653 | -5% |
| Caiteachas Clár | 26,510 | 23,971 | 10% |
| Caiteachas Eile (Forchostais, Tarchur agus costais Mhargaíochta san áireamh) | 5,617 | 5,519 | 1.9% |
| **Caiteachas Oibriúcháin Iomlán** | **38,479** | **36,127** | **6.5%** |

**3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht**
Lean TG4 ag feidhmiú go héifeachtúil, go héifeachtach ó thaobh costas de agus go stuama in 2018. Baineadh coigilteas amach i réimse leathan ionaid costas agus baineadh tuilleadh leasa as acmhainní inmheánacha chun ábhar a chur ar fáil ar rátaí i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

**4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2018**
Mar a léirítear ina gealltanais don bhliain, bhí TG4 tiomanta 70% ar a laghad dá mhaoiniú reatha Státchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú. Mar a léirítear i d**Tábla 3** thíos, 77% den mhaoiniú Státchiste ab ea an caiteachas iarbhír. Caitheadh an 23% eile den mhaoiniú Státchiste in 2018 ar tharchur, craoladh agus cur chun cinn an sceidil agus ar fhorchostais ghinearálta.

Ar an iomlán, bhí laghdú beag ó 4.44 go 4.14 uair an chloig in aghaidh an lae ar leibhéal aschuir Gaeilge TG4 i dtaobh ábhar nua Gaeilge.

Ar an iomlán, sholáthair TG4 1,511 uair an chloig d'ábhar Gaeilge bunaidh in 2018, laghdú ó 1,619 in 2017.

Tábla 3: **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge**

| Tuairisc | 2018 €'000 | 2018 % | 2017 €'000 | 2017 % |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú reatha Státchiste & deontas do Bhliain na Gaeilge a fuarthas sa bhliain (fuarthas in 2018) | 34,775 | 100% | 32,790 | 100% |
| *Cláir Ghaeilge a ceannaíodh: | | | | |
| Coimisiúnaithe | 21,971 | 63% | 19,169 | 58% |
| Faighte/dubáilte/fotheidealaithe | 3,101 | 9% | 3,623 | 11% |
| Costais na foirne léiriúcháin (tuarastail san áireamh) | 1,800 | 5% | 1,780 | 6% |
| **Costais Iomlána Léiriúcháin Ábhar Gaeilge** | **26,872** | **77%** | **24,572** | **75%** |

**Is é seo an caiteachas iarbhír a tabhaíodh ar na costais seo in 2018.*

# Ráitis Airgeadais

*Clár*


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird | 33 |
| Ráiteas um Rialú Inmheánach | 34 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais | 36 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 38 |
| Ráiteas maidir le hIoncaim Cuimsitheach | 39 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 40 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid | 41 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 42-50 |

# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018**

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

24 Bealtaine 2019

# Ráitis Airgeadais

## Ráiteas um Rialú Inmheánach

**Scóp Freagrachtaí**
Admhaím, thar ceann TG4, freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil maidir leis an rialáil inmheánach ar bun agus á chur i bhfeidhm. Tagann san áireamh leis an bhfreagracht sin gach a n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**An Chuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach**
Tá leagtha amach go ndéanfaí bainistíocht i ndáil le hábhar baoil leis an gcóras rialála inmheánach a d'fhágfadh an baol ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun ag TG4 i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

**Ábaltacht Riosca a láimhseáil**
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag TG4 a bhfuil triúr de chomhaltaí an Bhoird a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tá duine den triúr ina Chathaoirleach. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste sin i rith na bliana 2018.

Tá feidhm maidir le hiniúchóireacht inmheánach curtha ar bun freisin ag TG4 agus acmhainní leordhóthanacha á gcur ina leith ionas go ndéantar clár oibre a aontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí maidir leis an mbainistíocht ar ábhar baoil curtha le chéile ag an gCoiste ina leagtar amach an oiread baoil a bhfuiltear sásta dul ann, na próisis bainistíochta maidir le réimsí baoil atá curtha ar bun agus mioneolas faoin ról atá le baill éagsúla foirne maidir le hábhar baoil agus an fhreagracht atá orthu ina leith. Cuireadh an polasaí sin ar fáil don uile dhuine den fhoireann a n-éilítear orthu oibriú de réir pholasaithe bainistíochta TG4 i ndáil le hábhar baoil d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi réimsí baoil a bheadh ag teacht chun cinn agus faoi aon easnamh maidir le bearta rialála agus ionas go nglacfaidís cúram maidir leis an ábhar baoil agus na bearta rialála a bhaineann lena réimse oibre féin.

**Creatlach Riosca agus Rialaithe**
Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag TG4 lena dtugtar chun aire na príomhréimsí baoil ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an baol a mhaolú.

Tá clár réimsí baoil curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí baoil atá roimh TG4 agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir a thormchúisí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú agus leasú bliantúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnóireachta sin ar mhaithe le pleanáil agus chun acmhainní a leithroinnt sa chaoi is go gcinntítear bainistíocht á déanamh i ndáil le réimsí baoil ionas go bhfágtar an baol ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár réimsí baoil ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar baoil a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis gnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,
- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**
Tá nós imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí baoil agus na bearta rialála ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbeart rialála sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire,
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann daoine sinsearacha den lucht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta chomh maith le hathbhreithniú ceann bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na beartaíochta i gcomórtas le buiséid/réamh-mheastacháin.

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 ionas go gcinntítear go mbítear ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le cúrsaí soláthair agus gur chloígh TG4 leis an nós imeachta sin i rith na bliana 2018.

**Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bainistíocht agus rialáil i ndáil le hábhar baoil. Tagann monatóireacht agus breithneoireacht TG4 ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus Ábhar Baoil a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce dhaoine sinsearacha den lucht bainistíochta taobh istigh de TG4 atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach a thabhairt chun cinn agus a choinneáil sa siúl.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil maidir leis an éifeachtúlacht a ghabh leis na bearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2018 ar an 17 Nollaig 2018.

**Bearta Rialála Inmheánacha**

Níor tugadh aon easnamh maidir leis na bearta rialála inmheánacha chun suntais i ndáil leis an mbliain 2018 a mbeadh nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais de dhíth.



Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach
24 Bealtaine 2019

# Ráitis Airgeadais

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena Tíolacadh do Thithe an Oireachtais

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Teilifís na Gaeilge

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas do bhliain 2018 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA)102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is in infheidhme san Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

***An bonn atá leis an tuairim***

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (CII) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnaisúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchoireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar Theilifís na Gaeilge agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta.*

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile**

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Teilifís na Gaeilge in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, an ráiteas faoi chúrsaí rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**31Bealtaine 2019**

## Aguisín don tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Leagtar amach sa ráiteas faoi chursaí rialachas agus tuarascáil comhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Bhoird. Tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaois a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.
- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

#### Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018 €'000 | Athluaite 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | | | |
| Ioncam tráchtála | **4** | 4,083 | 4,070 |
| Costas díolacháin | **4** | (980) | (984) |
| **Glan Díolacháin** | | 3,103 | 3,086 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costas foirne | **5** | 5,372 | 5,653 |
| Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird | **6** | 158 | 123 |
| Caiteachas clár | **7** | 26,510 | 23,971 |
| Costais tarchuir | | 1,598 | 1,600 |
| Margaíocht agus taighde | **8** | 1,672 | 1,749 |
| Forchostais | **9** | 2,347 | 2,170 |
| Dímheas | **10** | 2,371 | 1,568 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 40,028 | 36,834 |
| | | | |
| **Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain** | | (36,925) | ( 33,748) |
| | | | |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | (3) | (46) |
| | | (36,928) | ( 33,794) |
| | | | |
| Cistíocht stáit | **14** | 36,907 | 33,792 |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | | (21) | (2) |
| | | | |
| Cánachas | **15** | 4 | – |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain airgeadais** | | **(17)** | **( 2)** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 31.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Siún Ní Raghallaigh**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

*24 Bealtaine 2019*

# Ráitis Airgeadais

| Teilifís na Gaeilge<br>**Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **2018<br>€'000** | **2017<br>€'000** |
| **Easnamh coinnithe don bhliain airgeadais** | | (17) | (2) |
| Gnóthachain/(caillteanas) achtúireacht ar shócmhainní na scéime sochair scoir | | – | – |
| Gnóthachain/(caillteanas) aitheanta iomlán don bhliain | | (17) | (2) |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1–31.**

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

**Siún Ní Raghallaigh**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

*24 Bealtaine 2019*

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | €'000 | 2018 €'000 | €'000 | Athluaite 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | **10** | | 7,321 | | 7,621 |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | **12** | | 1,914 | | 1,475 |
| | | | 9,235 | | 9,096 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | **16** | 3,040 | | 2,318 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **17** | 19 | | 174 | |
| Réamhíocaíochtaí Cláir | **18** | 2,865 | | 3,119 | |
| | | 5,924 | | 5,611 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Iníocaíochtaí | **19** | (3,563) | | ( 2,962) | |
| **Glan Sócmhainní Reatha** | | | 2,361 | | 2,649 |
| **Glan Sócmhainní** | | | **11,596** | | **11,745** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Deontais chaipitil | **11** | | 7,205 | | 7,522 |
| Deontais reatha iarchurtha | **13** | | 4,779 | | 4,594 |
| Cúlchiste ioncaim | **20** | | (388) | | ( 371) |
| | | | **11,596** | | **11,745** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1–31.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Siún Ní Raghallaigh**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

*24 Bealtaine 2019*

# Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge
**Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí | | (21) | (2) |
| Dímheas | | 2,371 | 1,568 |
| Amúchadh ar chostais clár | | 24,532 | 21,421 |
| Amúchadh ar dheontais rialtais | | (2,317) | (1,584) |
| Amúchadh ar dheontais leithroinnte do chostais clár | | (24,532) | (21,421) |
| (Ardú) / Laghdú ar Infháltais | | (469) | (559) |
| Ardú / (Laghdú) in Iníocaíochtaí | | 602 | 663 |
| Cánachas | | 4 | – |
| Ús faighte | | – | – |
| **Airgid tirim ó oibriúcháin** | | **170** | **86** |
| Ús a íocadh | | – | – |
| **Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí** | | **170** | **86** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Maoin, fearas agus trealaimh a ceannaíodh | **10** | (2,074) | (1,515) |
| Cláir coimisiúnaithe agus cláir a ceannaíodh | **12** | (24,971) | (22,311) |
| Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 3 | 46 |
| Deontais caipitil Stáit | **11** | 2,000 | 1,450 |
| Deontais a fuarthas agus leithroinnte do shócmhainní cláir | | 24,717 | 22,146 |
| **Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(325)** | **(184)** |
| | | | |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim** | **21** | **(155)** | **(98)** |

**Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1–31.**

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

**Siún Ní Raghallaigh**
Cathaoirleach

**Alan Esslemont**
Ard-Stiúrthóir

*24 Bealtaine 2019*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

a) **Bunú Theilifís na Gaeilge**

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

b) **Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirínn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) **Breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán**

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana.

Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**Lagú Maoine, Fearais agus Trealaimh:** Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha lagú a mheas déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle ina bhfuil sreabhadh airgid inaitheanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha:** Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

**Neamhchosaint ar Airgeadra Coigríche:** Téann Teilifís na Gaeilge i mbun socruithe conartha chun soláthróirí a íoc in airgeadra nach é airgeadra an euro é. CoinníonnTeilifís na Gaeilge cuntas ar na hidirbheartaíochtaí seo de ghnáth de réir na rátaí airgeadra infheidhme ar dháta na híocaíochta. Téitear i mbun réamhchonarthaí mar chosaint ar luaineachtaí airgeadra. Bíonn na cúiseanna a rachfar i mbun conarthaí dá leithéid bunaithe ar na meastacháin is fearr ar rátaí malairte amach anseo agus ar chomhairle ghairmiúil a fháil.

d) **Aithint Ioncaim**

*Ioncam Tráchtála*: Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhálacha. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

e) **Caiteachas**

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil. Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chláir agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

f) **Deontais Stáit**

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail sonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaime an Údaráis a dhéantar maoiniú ar ghlan-chaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge. Aithnítear deontais faoin modh fabhraithe. Déantar an chuid den deontas a bhaineann leis an gClár Caipitilithe a iarchuir agus a aithint sna ráitis Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a aithnítear na speansais.

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus deontais a fhaightear ó am go chéile do thionscadail shonracha ó Údarás Craolacháin na hÉireann faoi chlár Fís agus Fuaim an Údaráis a dhéantar maoiniú ar chaiteachas caipitil. Déantar amúchadh ar na deontais sin ar an mbonn céanna le laghdú a dhéanamh ar luach na sócmhainní bainteacha.

g) **Sócmhainní dochta inláimhsithe**

Déantar sócmhainní dochta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagaithe. Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn dhocht inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

| | % |
|---|---|
| Foirgnimh | 2.5 |
| Trealamh | 20 |
| Feistis | 10 |
| Gléasanna Móibíleacha | 33 |

Déantar costais forbartha bogearraí, lena n-áirítear pá, costais bhogearraí ar mhórchórais chun ábhar a scaipeadh, tairsí, aipeanna fóin agus araile a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas trealaimh gaolmhar ón dáta a gcuirtear i bhfeidhm iad nó thar shaolré úsáideach ionchais na gcostas caipitlithe.  Bíonn na rátaí sin idir 33% agus 100%.

h) **Sócmhainní airgeadais — infheistíocht i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited**

Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a infheistíochta in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais (féach nóta 25). Folaíonn Sócmhainní Dochta suim €1 i leith a hinfheistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin. Bunaíodh an chuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsmhar agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam, chostais nó aon tiomántais i leith an chomhfhiontair sin.

i) **Cánachas**

Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama agus an méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Ní lascainítear cáin iarchurtha.

j) **Airgeadra coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus déantar aon gnóthachain nó aon chaillteanais dá bharr sin a chur san áireamh sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

k) **Pinsin**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó chuid an chomhlachta. Déantar ranníocaíochtaí bliantúla chuig an scéim sin a chur chun dochair sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

l) **Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

Déantar na costais a bhaineann le Cláir Choimisiúnaithe agus na costais a bhaineann le Cláir a Fuarthas a chaipitliú mar shócmhainní seasta doláimhsithe sna ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist le Cláir Choimisiúnaithe ná cláir atá coimisiúnaithe ag TG4 ó léiritheoirí neamhspleácha agus tá siad bunaithe ar phraghas iomlán an chonartha.

Déantar costas an Chláir Choimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Choimisiúnaithe Ardluacha: | 70% sa bhliain ar craoltar ar dtús é<br>20% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús<br>10% sa dara bliain i ndiaidh na bliana ar craoladh ar dtús é |
| Cláir choimisiúnaithe eile agus cláir spóirt atá beo: | 100% sa bhliain ina bhfuil na cearta nó ina ndéantar na himeachtaí spóirt a chraoladh ar dtús. |

Is éard is cláir faighte ann ná cláir a cheannaigh TG4 ó stiúideónna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Déantar iad sin a chur chun dochair sa ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cláir Faighte: | 90% sa bhliain a chraoltar ar dtús é<br>10% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús |

Ní dhéantar cláir Choimisiúnaithe & Faighte a chaipitliú go dtí go mbeidh an clár ar fáil lena chraoladh.

m) **Réamhíocaíochtaí Cláir**

Déantar aon suimeanna a íoctar sula mbeidh clár ar fáil lena chraoladh a aithint mar réamhíocaíochtaí.

**2.** **Coigeartú na bliana roimhe sin**

In 2018, i ndiaidh athbhreithniú ar a pholasaí i ndáil le caiteachas ar chláir choimisiúnaithe agus faighte, ghlac an Bord polasaí athbhreithnithe ina ndéanfaí caiteachas ar chláir den chineál sin a chaipitliú agus go gcaithfí leis mar shócmhainn doláimhsithe faoin Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Déantar na sócmhainní a amúchadh bunaithe ar fhéidearthacht seirbhíse ionchais na gclár. Ina theannta sin, caitheann an Bord anois le caiteachais ar chláir sa bhliain sa chás is nach mbíonn na cláir sin craolta faoi dheireadh na bliana mar réamhíocaíochtaí. Mar thoradh air sin, rinneadh cuntais na bliana 2017 a athlua chun na hathruithe ar an mbeartas cuntasaíochta sin a ghlacadh san áireamh agus chun iad a aithint sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais, Sócmhainní seasta doláimhsithe, réamhíocaíochtaí cláir agus Ioncam deontais iarchurtha, a tharla nuair a cuireadh an tsocraíocht nua cuntasaíochta i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, bhí méadú €4,594,000 ar Ghlansócmhainní agus ar chúlchistí amhail an 31 Nollaig 2017.

| **Réiteach ar Chúlchistí mar a luaitear roimhe seo** | **1 Eanáir 2017** | **31 Nollaig 2017** |
|---|---|---|
| Caipiteal agus cúlchistí mar a luaitear roimhe seo | **€'000** | **€'000** |
| Méadú i réamhíocaíochtaí | 7,287 | 7,151 |
| Méadú i sócmhainní seasta doláimhsithe | 3,284 | 3,119 |
| Caipiteal agus cúlchistí mar a athluadh iad | 584 | 1,475 |
| | 11,155 | 11,745 |

| **Réiteach ar Easnamh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017** | **2017** |
|---|---|
| | €'000 |
| Easnamh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 mar a luaitear roimhe seo | (2) |
| Laghdú ar chaiteachas clár sa bhliain i ndiaidh an athraithe ar pholasaí | 725 |
| Deontas iarchurtha sa bhliain i ndiaidh an athraithe ar pholasaí | (725) |
| Easnamh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 mar a athluadh | (2) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

**3. Príomhghníomhaíocht**

Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.

**4. Glandíolacháin**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam Tráchtála** | | |
| Díolachán am craolta agus urraíocht | 2,763 | 2,614 |
| Muirear amach saoráidí | 581 | 579 |
| Ioncam ilghnéitheach | 739 | 877 |
| | 4,083 | 4,070 |
| **Costas Díolacháin** | | |
| Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta | 691 | 696 |
| Costais dhíreacha | 289 | 288 |
| | 980 | 984 |
| Glandíolacháin | 3,103 | 3,086 |

**5. Costais Foirne**

Ba 89 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2017: 84). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 4,971 | 4,667 |
| Costais leasa shóisialaigh | 551 | 519 |
| Costais phinsin | 533 | 497 |
| Taisteal agus cothabháil | 190 | 136 |
| Oiliúint | 63 | 94 |
| Costais eile foirne | 63 | 47 |
| | 6,371 | 5,960 |
| Costais foirne caipitlithe | (999) | (224) |
| Costas foirne leithdháilte go dtí an scéim cartlainne | – | (83) |
| Iomlán na gcostas foirne | 5,372 | 5,653 |

Faoi chostais eile foirne, sonraítear íocaíocht €43,400 (2017:€33,250) don fhoireann ag eascairt as rialú ón gCoimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.

Faoi Chiorclán 13/2014 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, éilítear an líon fostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaíochta (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe faoi gach banda de €10,000, ó €60,000 ar aghaidh a nochtadh, chomh maith le figiúr foriomlán de na ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóra. Mar aitheantas ar thionchair um chosaint sonraí nó rioscaí eile, ag glacadh san áireamh go bhfuil TG4 ag feidhmiú i dtimpeallacht tráchtála thar a bheith iomaíoch, agus le cead na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, déanfar na bandaí tuarastail a nochtadh i ráiteas bliantúiil an Chathaoirligh chuig an Aire.

| **Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra – Alan Esslemont** | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Bunthuarastal | 140 | 140 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 21 | 21 |
| Sochair eile | – | – |
| | 161 | 161 |

Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim ranníocaíocht shainithe TG4 agus tugann TG4 15.29% de thuarastal an Ard-Stiúrthóra don scéim ar a shon.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**6. Costais an Bhoird**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird (Nóta 23) | 135 | 109 |
| Taisteal agus cothabháil agus speansais eile | 23 | 14 |
| | 158 | 123 |

Cúitítear costais cothabhála agus taistil le baill an bhoird. €2,378 an cháin atá iníoctha ag Teilifís na Gaeilge maidir le costais dá leithéid (2017: €3,106)

**7. Costais clár**

| | 2018 €'000 | Athluaite 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir choimisiúnaithe cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 21,338 | 18,913 |
| Cláir ceannacháin cláraithe agus amúchta sa tréimhse | 3,194 | 2,588 |
| Costais dubála agus costais eile | 1,978 | 2,470 |
| | 26,510 | 23,971 |

**8. Margaíocht agus Taighde**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus margaíocht | 1,460 | 1,571 |
| Tomhais agus taighde ar an lucht féachana | 212 | 175 |
| Speansais comhairle an lucht féachana | – | 3 |
| | 1,672 | 1,749 |

**9. Forchostais**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Speansais áitrimh agus trealaimh | 774 | 792 |
| Speansais ghairmiúla agus airgeadais* | 432 | 337 |
| Tobhach tionscail íoctha | 609 | 579 |
| Speansais ghinearálta agus oifige | 532 | 462 |
| | 2,347 | 2,170 |

(*Cuimsíonn speansais ghairmiúla agus airgeadais muirear de €2,099 ar ús agus €1,868 i bpionóis a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le gannfhógairt CBL do €17,033 sa tréimhse. Gearradh an CBL breise ar an gCuntas Ioncam agus Caiteachas faoi na ceannteidil ábhartha más infheidhme.)

**10. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

| | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Fearais agus feistis €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2018 | 8,575 | 7,177 | 416 | 16,168 |
| Sócmhainní athshuite | - | 305 | 1 | 306 |
| Breisithe | 1 | 1,974 | 99 | 2,074 |
| Diúscairt | - | (11) | (1) | (12) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **8,576** | **9,445** | **515** | **18,536** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2018 | 3,567 | 4,821 | 159 | 8,547 |
| Dímheas carntha ar shócmhainní athshuite | - | 305 | 1 | 306 |
| Muirear don bhliain | 234 | 2,109 | 28 | 2,371 |
| Diúscairt | - | (8) | (1) | (9) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 3,801 | 7,227 | 187 | 11,215 |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **4,775** | **2,218** | **328** | **7,321** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **5,008** | **2,356** | **257** | **7,621** |

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chlár na sócmhainní seasta, tugadh faoi deara go ndearnadh roinnt sócmhainní a dhíscríobh sa bhliain roimhe sin atá in úsáid faoi láthair. Rinneadh na sócmhainní sin a athshuiteáil sa bhliain reatha. B'ionann an glanluach leabhair a bhí acu amhail an 31 Nollaig 2018 agus €0. (2017: €0)

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

**11. Deontais Chaipitil**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil faighte agus infhaighte** | | |
| Iarmhéid tosaigh | 24,999 | 23,549 |
| Deontais a fuarthas le linn na bliana (**Nóta 14**) | 2,000 | 1,450 |
| Iarmhéid deiridh | 26,999 | 24,999 |
| **Amúchadh** | | |
| Iarmhéid tosaigh | 17,477 | 15,893 |
| Amúchta le linn na bliana | 2,317 | 1,584 |
| Iarmhéid deiridh | 19,794 | 17,477 |
| **Glanluach leabhair – deontais chaipitil** | **7,205** | **7,522** |

Léiríonn deontais chaipitil an maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**12. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe**

| | Coimisiúnaithe Cláir €'000 | Ceannachán Cláir €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2018 | 42,154 | 4,646 | 46,800 |
| Breisithe | 21,644 | 3,327 | 24,971 |
| **Ar 31 Nollaig 2018** | **63,798** | **7,973** | **71,771** |
| **Amúchadh Carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2018 | 40,828 | 4,497 | 45,325 |
| Amúchta sa bhliain | 21,338 | 3,194 | 24,532 |
| **Ar 31 Nollaig 2018** | **62,166** | **7,691** | **69,857** |
| **Glanluach leabhair** | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2018** | **1,632** | **282** | **1,914** |
| **Ar 31 Nollaig 2017** | **1,326** | **149** | **1,475** |

**13. Deontais reatha iarchurtha**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Deontais Iarchurtha amhail an 1 Eanáir** | 4,594 | 3,869 |
| Deontais reatha – faighte sa bhliain (**Nóta 14**) | 34,775 | 32,933 |
| Deontais a úsáideadh sa bhliain | (34,590) | (32,208) |
| **Deontais Iarchurtha amhail an 31 Nollaig** | 4,779 | 4,594 |

**14. Maoiniú Stáit**

Is ionann deontais ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus maoiniú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.

| **Maoiniú stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim & Caiteachais sa bhliain** | 2018 €'000 | Athluaite 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas a úsáideadh sa bhliain (**Nóta 13**) | 34,590 | 32,208 |
| Deontas caipitil amúchta (**Nóta 11**) | 2,317 | 1,584 |
| | 36,907 | 33,792 |

| Ba é an leithroinnt iomlán don bhliain 2018 ná €36.775m a bhí comhdhéanta de: | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais a fuarthas ón RCGAC i ndáil le caiteachas reatha (Vóta 29 - Fo-Cheannteideal B5) | 33,790 | 32,790 |
| Deontais a fuarthas ón BAI i ndáil le thionscadal cartlainne | - | 143 |
| Deontais a fuarthas i ndáil le caiteachas maidir le Bliain na Gaeilge | 985 | - |
| Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ón RCGAC (Vóta 29 - Fo-Cheannteideal B5) | 2,000 | 1,450 |
| Iomlán a Fuarthas | 36,775 | 34,383 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Nótaí**

**15. Cáin ar Bhrabús ó Gnáthghníomhaíochtaí**

| | | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| (a) | *Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain* | | |
| | Muirear cháin chorparáide don bhliain | – | – |
| | Aisíoc ar an muirear Cánach Corparáide i mblianta roimhe sin | (4) | – |
| | | (4) | – |

(b) *Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana*

| Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos: | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | (21) | (2) |
| Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoi ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2017: 12.5%) | – | – |
| *Tionchair de:* | | |
| Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde | 8 | 8 |
| Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímheas | – | – |
| Leithdháileadh ar chaillteanais na bliana reatha | (8) | (8) |
| | – | – |

**16. Infháltais**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais | 2,121 | 1,721 |
| CBL inaisíoctha | 247 | 242 |
| Cáin corparáideach inaisíoctha | – | 4 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 672 | 351 |
| | 3,040 | 2,318 |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin

**17. Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim ar láimh | 3 | 1 |
| Banc | 16 | 173 |
| | 19 | 174 |

**18. Réamhíocaíochtaí Cláir**

| | 2018 €'000 | Athluaite 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Coimisiúnaithe | 2,464 | 2,136 |
| Cláir a ceannaíodh | 401 | 983 |
| | 2,865 | 3,119 |

**19. Iníocaíochtaí – dlite laistigh de bhliain amháin**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha Trádála | 227 | 218 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 3,336 | 2,744 |
| Cáin corparáideach iníochta | – | – |
| | 3,563 | 2,962 |

**20. Cúlchistí**

| | Cúlchiste Ioncam €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2018 | (371) | (371) |
| Easnamh don Bhliain | (17) | (17) |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2018 | (388) | (388) |

**21. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí**

| | Iarmhéid Tosaigh €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Iarmhéid Deiridh €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 1 | 2 | 3 |
| Taiscí ghearrthéarmacha | 173 | (157) | 16 |
| | 174 | (155) | 19 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

**22. Pinsean**

D'fheidhmigh Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe.
Maoinítear an scéim agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana: | | |
| Scéim ranníocaíochtaí sainithe | 533 | 497 |
| | 533 | 497 |

**23. Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna**

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

| **Stiúrthóir/Rúnaí** | **Dáta a ceapadh le linn na bliana (más ann)** | **Táillí 2018 €'000** | **Táillí 2017 €'000** |
|---|---|---|---|
| Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir) | | – | – |
| Seosamh Ó Conghaile (Dáta scoir 16/4/2017) | | – | 3.6 |
| Siún Ní Raghallaigh (An Cathaoirleach) | | 21.6 | 21.6 |
| Andréa Ní Éalaithe (Dáta scoir 16/4/2017) | | – | 3.6 |
| Des Geraghty | | 12.6 | 12.6 |
| Mairéad Ní Cheóinín | | 12.6 | 12.6 |
| Micheál Seoighe | | 12.6 | 12.6 |
| Michelle Ní Chróinín | | – | – |
| Diarmuid Ó Ruiséal | | 12.6 | 12.6 |
| Bríd Ní Fhachtna | | 12.6 | 12.6 |
| Frank Reidy | | 12.6 | 12.6 |
| Mairéad Ní Nuadháin (Ceaptha 21/11/2017) | | 12.6 | 1.4 |
| Siobhán Ní Ghadhra (Ceaptha 21/11/2017) | | 12.6 | 1.4 |
| Darach Ó Tuairisg (Ceaptha 21/11/2017) | | 12.6 | 1.4 |
| Mary Uí Chadhain (Rúnaí na Cuideachta) | | – | – |
| | | 135.0 | 108.6 |

Costais €22,494 a bhain le baill an Bhoird i 2018, (2017: €14,500) le haghaidh: taisteal intíre €14,200 (2017: €9,700), cothabháil €4,297 (2017:€3,000) agus costaisí eile (rúnaíocht, siamsaíocht agus traenáil san áireamh) €3,998 (2017: €1,800).
Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

**24. Áitreabh**

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitreabh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe.
Tá úinéireacht ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an áitreabh i mBaile na hAbhann agus tá an oifig i mBaile Átha Cliath ar chíos faoi cheadúnas ar feadh téarma trí bliana a thosaigh ar an 24 Samhain 2013 ag muirear bliantúil cíosa de €23.5k. Táthar ag leanacht leis na comhráite féachaint le síneadh bliana a chur leis an gceadúnas don oifig i mBaile Átha Cliath.

**25. Sócmhainní Airgeadais**

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh TG4 agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le TG4, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá cheann in úinéireacht RTÉ agus ceann in úinéireacht TG4. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh gur seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSN. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

**26. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin**

Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana. | 46,263 | 36,102 |

**27. Tiomantais**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas: | | |
| Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana. | 194 | 138 |

**28. Idirbheartaíocht RTÉ**

Fuair Teilifís na Gaeilge 342.5 uair de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ amach as a n-oibleagáid reachtúil 365 uair an chloig sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018. Gheall RTÉ an t-easnamh in uaireanta do 2018 a dhéanamh suas sa bhliain 2019.

**29. Neamhchosaint Airgeadra Coigríche**

Is as íocaíochtaí ar chláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo in 2018 ná €0 (2017: €0). Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2017: €0).

**30. Comhaltaí Boird – Nochtadh Idirbhearta**

I ngnáthchúrsaí gnó, rinne TG4 socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí den Bhord fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu. Chuir TG4 modhanna imeachta i bhfeidhm de reir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i leith nochtadh leasanna ag Comhlaltaí den Bhord agus chloígh TG4 leis na modhanna sin i rith na bliana. Ceadaíodh idirbhearta leis an iomlán de €4,277,330 in 2018 i dtaca le gnóthais a raibh baint ag comhaltaí TG4 leo nó a raibh leas acu iontu go díreach nó go hindíreach a nocht siad ag cruinnithe. I measc na gcásanna a bhí ann bhí cinn a raibh comhaltaí TG4 fostaithe acu nó ag soláthar seirbhíse dóibh. Chloígh na Comhaltaí sin agus TG4 leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais i leith cásanna leasa pearsanta. I gcásanna a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní bhfuair Comhaltaí den Bhord cáipéisíocht bhoird i dtaca leis na hidirbhearta molta, agus níor bhac na Comhaltaí sin páirt ná níor fhreastail siad ar aon phlé boird a bhain leis an ábhar.

**31. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Cheadaigh an Bord stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 24 Bealtaine 2019.